Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Leas a Bhaint as Digitiú
## Creat Digiteach na hÉireann



Arna ullmhú ag Roinn an Taoisigh
Gov.ie

Clár

Intreoir agus Uaillmhian 3

Cur Chuige 5

Gné 1: Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó 8

Gné 1 Spriocanna Foriomlána 9

1.1 Fiontar a Dhigitiú 9

1.2 Éire bheith mar láthair do na príomhfhiontair dhigiteacha 14

1.3 Tairbhí Digiteacha Geilleagracha níos Leithne 15

Gné 2: Bonneagar Digiteach 20

Gné 2 Spriocanna Foriomlána 21

2.1 Nascacht Dhigiteach 21

2.2 Cibearshlándáil 27

Gné 3: Scileanna 31

Gné 3 Spriocanna Foriomlána 32

3.1 An Tionchar atá ag Teicneolaíochtaí ar Fhostaíocht 32

3.2 An Freagra Beartais Reatha maidir le Scileanna 33

3.3 Tosaíochtaí Beartais Scileanna do Chlaochlú Digiteach na hÉireann 34

3.4 Tacú le Cuimsitheacht agus leis an tSochaí i gCoitinne 37

Gné 4 – Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú 41

Gné 4 Spriocanna Foriomlána 42

4.1 Seirbhísí Rialtais Dhigiteacha 43

4.2 Úsáid agus Rialachas Sonraí 51

Cur i bhFeidhm: Cur Chuige Comhordaithe do Bheartas agus Rialú Digiteach 54

Aguisín 1 – Achoimre ar Spriocanna agus Sruthanna Oibre 58

Aguisín 2 – Deacáid Dhigiteach na Eorpa i dtreo na bliana 2030 61

# Intreoir agus Uaillmhian

Tá Éire agus an domhan ag cor cinniúnach tábhachtach maidir le tionscal, an geilleagar agus an tsochaí mar gheall ar roinnt dúshláin chlaochlaitheacha, a bhfuil na haistrithe digiteacha agus dícharbónaithe ina gcúis leo. Tá teicneolaíochtaí digiteacha ag éirí níos neadaithe sa saol laethúil, ar chuir an phaindéim COVID-19 dlús leis go háirithe, agus atá ina léiriú ar an gcumhacht atá ag teicneolaíochtaí chun cuidiú linn gníomhú i leith dúshláin ollmhóra. Bainfidh Éire leas as digitiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá romhainn sna blianta atá le teacht – ár spriocanna i leith an athraithe aeráide a bhaint amach, cothromaíocht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn, agus táirgiúlacht a fheabhsú.

Tríd is tríd, staid láidir is ea staid na hÉireann, agus í rangaithe sa 5ú háit don geilleagar digiteach is forbartha san AE faoi láthair. Tá naisc mhaithe againn leis an domhan, bainfimid leas as láithreacht cuid mhaith de na mórchuideachtaí teicneolaíochta agus tá ról tábhachtach againn maidir le rialú digiteach ar fud na hEorpa. Mar sin féin, ar nós tíortha eile, tá dúshláin mar aon le deiseanna romhainn sa chéad chéim eile den chlaochlú digiteach.

**Is é an sprioc atá againn bheith mar cheannasaí digiteach atá ag croílár forbairtí digiteacha Eorpacha agus domhanda,** ag cur leis an dul chun cinn agus inoiriúnaitheacht a léiríodh ar fud na sochaí le linn na paindéime. **Dá bharr seo, beidh orainn an clár oibre digiteach a chur chun cinn go héifeachtach agus go comhleanúnach ar fud** gach réimse de bheartas agus soláthar seirbhíse an Rialtais, trí oibriú i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara.

Gné bharrthábhachtach dár dtairiscint is ea creat rialála digití atá láidir, comhsheasmhach agus daingean. **Leanfaidh Éire i mbun ceannaireacht a léiriú chun an prionsabal maidir le tír thionscnaimh a chosaint agus tionchar a imirt ar idirbheartaíocht go réamhghníomhach agus go héifeachtach agus labhairt ar son creat rialála oiriúnach ag leibhéal an AE. Sa tír seo, leanfaimid de líonra láidir rialálaithe a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a fhorbairt chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rialacháin dhigiteacha agus iad a chur i bhfeidhm.** Maidir le rialúchán, ní mór go gcinnteofaí sábháilteacht ár saoránach agus nuálaíocht agus dul chun cinn a chur chun cinn ag an am céanna.

Beidh ról lárnach ag Éirinn san Eoraip maidir leis an deacáid dhigiteach nua a chur chun cinn – arb é an sprioc atá léi **claochlú digiteach rathúil na hEorpa faoin mbliain 2030 agus an tAontas bheith ardcheannasach go digiteach i ndomhan atá oscailte agus idirnasctha.** Gné bharrthábhachtach de chur chuige an AE is ea sraith de **phrionsabail agus cearta digiteacha**, ina bhfuil béim ar a mhéid a bhraitheann Eorpaigh a bhfuil digitiú na sochaí ag freastal orthu. Tá Éire ag iarraidh bheith ina ceannasaí i dtaca le smaointeoireacht, agus tionchar á imirt ar an díospóireacht san Eoraip agus níos faide i gcéin, agus tacaíonn sí leis an aistriú digiteach a fréamhú i gcur chuige maidir le luachanna agus eitic, agus béim láidir á leagan ar chothromaíocht, ionchuimsitheacht agus rialúchán.

Beidh Éire, lena hacmhainní láidre agus láithreacht fiontair dhomhanda dhigiteacha mhóra, ag croílár dhul chun cinn digiteach an AE, agus beidh ról uathúil aici ag gníomhú mar dhroichead idir SAM agus an AE. Chláraigh Éire do Chreat Cuimsitheach OECD maidir le BEPS i dtaca le creat cánach nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chánach a bhaineann le digitiú, ar léiriú é ar ár dtiomantas bheith mar chuid den réiteach.

**Tá an Straitéis seo ina chreat ardleibhéil** chun tacú le huaillmhian na hÉireann bheith mar cheannasaí digiteach. Leagtar amach conair maidir leis an aistriú digiteach a chur chun cinn agus a chumasú ar fud an gheilleagair agus na sochaí, chun folláine ár saoránach, éifeachtúlacht seirbhísí poiblí, mar aon le táirgiúlacht, iomaíochas, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht ár ngeilleagair a uasmhéadú.

**Trí theicneolaíochtaí digiteacha, is féidir saol ár saoránach ar fad a dhéanamh níos fearr** trí dheiseanna nua poist agus bealaí nua oibre a chruthú; teacht níos fearr agus níos cothroime bheith ar dheiseanna pearsanta, sochaíocha agus sibhialta; agus seirbhísí rialtais níos fearr agus inrochtana do chách. Tacófar le gach grúpa agus cumasófar iad chun leas a bhaint as deiseanna digiteacha, gnónna beaga agus móra, pobail uirbeacha agus thuaithe, agus daoine idir sean agus óg san áireamh; ag cur le láidreachtaí na hÉireann chun an bhearna dhigiteach ar fud na fiontraíochta agus na sochaí i gcoitinne a líonadh.

Tríd an aistriú digiteach agus teicneolaíochtaí gaolmhara a chur chun cinn, tacófar freisin lenár spriocanna i leith na haeráide a bhaint amach, agus **uaillmhianta glasa agus digiteacha ag treisiú a chéile.** Bhí sé seo ina phríomhchúram barrthábhachtach i bPlean Téarnaimh Eacnamaíochta an Rialtais, agus i bPlean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann, agus treisítear tuilleadh é tríd an straitéis dhigiteach nua seo. Tá Éire in áit mhaith le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le cur le forbairtí digiteacha.

**Tá an uaillmhian atá againn fréamhaithe i samhail gheilleagrach agus éiceachóras ar leith na hÉireann a fheabhsú, cumhachtú agus cur chuige ionchuimsitheach a chinntiú.** Beidh athrú ó bhonn a spreagadh in SMEnna i gceist leis sin; ceannaireacht a léiriú trí sholáthar digiteach seirbhísí Rialtais a chur chun cinn agus trí rialúchán tréan; bonneagar cumasaithe agus cibearshlándáil láidir a chur ar fáil; agus tacaíocht a thabhairt do thallann agus scileanna ag gach leibhéal ar fud an daonra i gcoitinne, oibrithe agus fiontair. Leagtar amach leis an Straitéis **sruthanna oibre ardleibhéil le nithe insoláthartha gaolmhara, agus spriocanna** a oibreoidh an Rialtas ina dtreo le linn na mblianta atá amach romhainn. Oibreoidh Éire go réamhghníomhach lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta, leis an earnáil ghnó agus le páirtithe leasmhara níos leithne chun cuidiú leis na spriocanna seo a bhaint amach.

# Cur Chuige

Tríd an gcéad chéim eile seo d'aistear digiteach na hÉireann, léirítear an obair shuntasach a rinneadh go náisiúnta agus déantar forbairt uirthi. Tá an Straitéis ar aon dul le Deacáid Dhigiteach an AE agus na ceithre bhunphointe de Chompás Digiteach an AE a bhaineann léi – Scileanna; Bonneagar Digiteach; Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó; agus Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú *(féach Aguisín 2 chun tuilleadh mionsonraí a fháil)*.

Is é an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh agus Infheistíocht Gheilleagrach a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm, a ndéanann an Tánaiste cathaoirleacht air, le fostructhúir tacaíochta faoi cheannas oifigeach. Trí cheannaireacht agus maoirseacht pholaitíochta láidir agus rannpháirtíocht ghníomhach páirtithe leasmhara, cinnteofar go mbainfear ár n-uaillmhianta amach go héifeachtach.

## Ceannasaí digiteach a dhéanamh d'Éirinn, chun claochlú digiteach a chur chun cinn agus a chumasú ar fud an gheilleagair agus na sochaí

| Gné 1: | Gné 2: | Gné 3: | Gné 4: |
|---|---|---|---|
| **Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó** | **Bonneagar Digiteach** | **Scileanna** | **Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú** |

### Spriocanna

| Gné 1 | Gné 2 | Gné 3 | Gné 4 |
|---|---|---|---|
| 75% d'fhiontair ag glacadh le Néal, Mórshonraí, IS faoin mbliain 2030.<br><br>90% de SMEnna ag déine dhigiteach bunúsach faoin mbliain 2030.<br><br>Ag tacú le 800 gnó ar a laghad faoin mbliain 2026 faoin gCiste um Aistriú Digiteach €85 milliún.<br><br>35% de mhaoiniú Stáit do ghnónna nuathionscanta agus luathchéime infheistithe i ngnónna digiteacha nuálacha ón mbliain 2022 ar aghaidh | Gach teaghlach agus gnó bheith clúdaithe le líonra Gigighiotáin faoin mbliain 2028.<br><br>Gach ceantar a bhfuil cónaí ann bheith clúdaithe le 5G faoin mbliain 2030.<br><br>Nascacht dhigiteach do gach Mol agus Scoil Nasctha faoin mbliain 2023.<br><br>Dearbhú tugtha i leith gach oibritheoir seirbhís í bunriachtanacha, Roinn Rialtais agus gníomhaireacht bharrthábhachtach go bhfuil bearta láidre maolaithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm faoin mbliain 2024. | An sciar daoine fásta a bhfuil scileanna digiteach bunúsacha acu ar a laghad a mhéadú go 80% faoin mbliain 2030.<br><br>Céimithe ag a bhfuil scileanna digiteacha ardleibhéil a mhéadú go breis agus 12,400 faoi dheireadh na bliana- 2022, leis an uaillmhian an soláthar scileanna digiteacha a mhéadú tuilleadh sna blianta ina dhiaidh sin | 90% de sheirbhísí infheidhme á n-úsáid ar líne faoin mbliain 2030<br><br>80% de shaoránaigh incháilithe ag úsáid MyGovID faoin mbliain 2030<br><br>20% d'fhostaithe san earnáil phoiblí ag obair ó chian (i ndiaidh na paindéime) |

### Sruthanna Oibre

| Gné 1 | Gné 2 | Gné 3 | Gné 4 |
|---|---|---|---|
| Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá gclaochlú digiteach.<br><br>Tabhairt faoi chur chuige comhleanúnach, comhtháite i leith an aistrithe dhigitigh, trí éiceachóras tréan agus cumasóirí láidre. | Nascacht ghigighiotáin agus nascacht 5G níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear nascacht idirnáisiúnta.<br><br>Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le fuinneamh & an geilleagar ciorclach mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha.<br><br>Tús áite a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus onneagar cibearshlándála na Éireann | Cnuasach freagraí um beartas scileanna idirnasctha a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an gclaochlú digiteach.<br><br>Scileanna Digiteacha don tSochaí a chur ar fáil, chun cur ar chumas gach cohórt gníomhú le digitiú | Digitiú breise a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn, le fócas ar an gcóras sláinte.<br><br>Céimeanna a chur i bhfeidhm go hiomlán lena chinntiú go n-úsáidtear sonraí seirbhíse poiblí go sábháilte agus go héifeachtach. |

**Mar bhonn taca ag struchtúr rialachais comhleanúnach, agus ag creat rialála nua-aimseartha, comhtháite, dea-acmhainní.**

## Gné 1

# Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó



# Gné 1: Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo ceannasaí digiteach geilleagrach idirnáisiúnta a dhéanamh d'Éirinn. Tá an Rialtais ag iarraidh go nglacfadh gach gnó le níos mó teicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe SMEanna; tarraingteacht na hÉireann a chothú mar láthair do mhórfhiontair dhigiteacha; agus na tairbhí a bhaineann leis an aistriú digiteach don éiceachóras i gcoitinne a uasmhéadú, maidir le táirgiúlacht, nuálaíocht agus iomaíochas.

| Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Fhiontar | | |
|---|---|---|
| Athrú ó bhonn d'Fhiontar, le fócas ar SMEanna | Tarraingteacht na hÉireann mar phríomhláthair d'fhiontair dhigiteacha a chothú | Éiceachóras chun tacú le Tairbhí Geilleagracha Digiteacha níos leithne |

Tá an geilleagar digiteach in Éirinn ag feidhmiú de réir dhá luas éagsúla. Cé gur ghlac sciar beag den bhonn fiontraíochta le digitiú, agus táirgiúlacht neartaithe dá bharr sin, tá gá le dlús agus feabhas a chur ar ghlacadh le digitiú a mhéadú ar fud ghnónna na hÉireann. Is é an uaillmhian atá againn tairbhe táirgiúlachta shuntasach a bhaint amach trí ghlacadh níos mó agus níos leanúnaí le digitiú ar fud bhonn fiontraíochta na hÉireann.

Tá buntáiste straitéiseach ag Éireann mar gheall ar ár n-éiceachóras láidir de chuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta agus dúchasacha, chomh maith le hinstitiúidí taighde atá dírithe ar theicneolaíochtaí digiteacha, a mbainfear úsáid astu chun deiseanna a chruthú lenár n-uaillmhianta a bhaint amach. Tá fócas ar dhigitiú agus nuálaíocht ríthábhachtach freisin maidir lenár spriocanna i leith na haeráide a bhaint amach.

## Gné 1 Spriocanna Foriomlána

Déanfaidh an Rialtas borradh na teicneolaíochta a chur chun cinn ar fud Fiontair, go háirithe SMEnna, chun na spriocanna barrthábhachtacha seo a leanas a bhaint amach:

- **75% d'fhiontair ag glacadh le Néalríomhaireacht, Mórshonraí, IS faoin mbliain 2030**
- **90% de SMEnna ag leibhéal Déine Dhigiteach Bunúsach faoin mbliain 2030**
- **Ag tacú le 800 gnó ar a laghad faoin mbliain 2026 faoin gCiste um Aistriú Digiteach €85 milliún chun tacú le gnónna digitiú**
- **35% ar a laghad de mhaoiniú Stáit do ghnónna nuathionscanta agus luathchéime le hinfheistiú i ngnónna digiteacha nuálacha ón mbliain 2022 ar aghaidh.**

### 1.1 Fiontar a Dhigitiú

Tá sé de chumhacht ag teicneolaíochtaí digiteacha gnónna beaga a athrú ó bhonn, trí dheiseanna nua a oscailt nach raibh fáil orthu ach ag gnónna móra roimhe seo. Mar gheall ar an ngéarchéim COVID-19, cuireadh leis an gcumhacht atá ag digitiú chun acmhainneacht gnónna a fhorbairt. Go deimhin, tá riosca suntasach ag baint le cuideachtaí nach dtugann faoi dhigitiú – ní mór aghaidh a thabhairt ar an mbearna iomaíochais agus táirgiúlachta idir gnólachtaí atá cumasaithe go digiteach agus gnónna ina bhfuil leibhéal íseal aibíochta digití.

**Is tosaíocht ag an Rialtas é athrú ó bhonn a spreagadh maidir le glacadh le digitiú i ngach fiontar.** Ionas go n-éireodh leis, ní hamháin go dteastaíonn úsáid na teicneolaíochta don aistriú digiteach, ach teastaíonn athruithe sa chultúr, i gceannaireacht, scileanna agus próisis freisin.

## D’fhonn aistriú digiteach rathúil a bhaint amach, teastaíonn infheistíocht sa mhéid a leanas:

- Teicneolaíoch
- Próisis
- Scileanna

### Cad is féidir a chur ar fáil do Ghnónna trí dhigitiú?

- **Costais níos lú agus táirgiúlacht níos mó:** Is féidir úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun próisis ghnó a athrú ó bhonn, e.g. trí uathoibriú, á ndéanamh níos éifeachtúla, agus trínar féidir cur le córais slabhra soláthair a chomhtháthú. Trí dhigitiú freisin, is féidir aistriú i dtreo samhlacha oibre ó chian agus cumaisc do ghnónna, a bhfuil méaduithe i dtáirgiúlacht ag baint leis.
- **Táirgí agus seirbhísí níos fearr:** Is féidir le SMEnna úsáid a bhaint as anailísíocht sonraí agus uirlisí digiteacha chun táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt, cáilíocht a fheabhsú, agus teagmháil níos fearr a dhéanamh le custaiméirí.
- **An Margadh a Mhéadú agus a Éagsúlú:** Trí theicneolaíochtaí digiteacha, tá teacht níos fearr ar mhargaí idirnáisiúnta trí chostais a laghdú agus cumhacht a mhéadú.
- **Teacht níos fearr bheith ar acmhainní straitéiseacha:** Trí theicneolaíochtaí digiteacha, déantar éascaíocht ar mhaoiniú, oiliúint agus samhlacha earcaíochta nuálacha (e.g. iasachtú idir phiaraí, earcaíocht ar líne).Is féidir teacht a bheith ar theicneolaíochtaí digiteacha gan infheistíocht a dhéanamh in earraí crua, ar trí sin a laghdaítear costais agus a thugtar cothrom na Féinne (e.g. Néal).
- **Teacht níos fearr bheith ar nuálaíocht:** Trí dhigitiú, tugtar cumhacht d’fhoinsiú oscailte agus nuálaíocht oscailte. Chomh maith leis sin, tacaítear le comhoibriú agus líonrú níos fearr idir gnólachtaí
- **Geilleagar na nArdán ar Líne:** D’fhéadfadh ardáin ar líne bheith ina n-acmhainn chumhachtach do SMEnna. Is tríothu a chumasaítear fiontraíocht, trádáil dhigiteach agus nuálaíocht, trí bhealach a chur ar fáil chuig margaí nua, cainéil fhoinsithe agus líonraí. Is tríothu sin a chuirtear éifeachtúlachtaí ar fáil a d’fhéadfadh barainneachtaí scála a chur chun cinn agus borradh a chur faoi iomaíochas agus táirgiúlacht.
- **Gníomhú ar son na hAeráide:** D’fhéadfadh teicneolaíochtaí digiteacha tacú le cuideachtaí lena dtomhaltas fuinnimh agus lorg carbóin a rianú agus a thomhas ar feadh an tslabhra soláthair.

**Aithníonn an OECD[1][1] na príomhuirlisí úsáide digiteacha do SMEnna** bheith ina gcórais pleanála acmhainní d’fhiontar; teicneolaíochta aitheantais radaimhinicíochta; bogearraí um chaidreamh le custaiméirí agus um bainistíocht slabhra; ríomhthráchtáil; feidhmchláir B2G agus ríomhshonrascú; mar aon le néalríomhaireacht; anailísíocht ar mhórshonraí; agus na meáin shóisialta.

[1] OECD (2021), Claochlú Digiteach SMEnna, Staidéir OECD ar SMEnna agus Fiontraíocht, Foilsitheoireacht OECD, Páras, https://doi.org/10.1787/bdb9256a-en.

Maidir le gnónna ina bhfuil leibhéal íseal aibíochta digití, is féidir le hidirghabhálacha ón Rialtais atá dírithe ar ardú feasachta agus ar threoir bhunúsach, difear suntasach a dhéanamh. Ar an taobh eile den speictream, tá gá ag gnólachtaí móra agus ag cuideachtaí digiteacha dúchasacha le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun tacú lena bhfás digiteach ar bhonn leanúnach. Is tosaíocht é an bhearna dhigiteach idir glacadóirí luatha agus gnólachtaí nár chuir tús lena n-aistear digiteach go fóill a laghdú. Chun na críche sin, déanfaidh an Rialtas feachtas uaillmhianach ardaithe feasachta a rolladh amach chun gach gnó a spreagadh a thabhairt faoi dhigitiú. Áireofar leis sin **Tairseach Dhigiteach nua** a bheidh oscailte do gach fiontar ina mbeidh faisnéis maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil.

Príomhchuspóir den straitéis nua trí bliana, *Leading in a Changing World*, ó Fhiontraíocht Éireann is ea glacadh le digitiú mar chumasóir lárnach maidir le méadú in onnmhairí d'fhiontar na hÉireann. Beidh ról tábhachtach ag claochlú digiteach i bpleananna na ngníomhaireachta onnmhairí a mhéadú go €30 billiún agus 45,000 post a chruthú le linn shaolré na straitéise.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Rialtas an **Ciste nua um Aistriú Digiteach €85 milliún** a rolladh amach, a reáchtálfar go dtí 2026 mar chuid de Phlean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann. Úsáidfear an maoiniú chun cuidiú le cuideachtaí ag gach céim den aistear digiteach – idir na laethanta tosaigh de dhul ar líne go díreach; agus táirgí agus próisis ghnó a dhigitiú; agus éascaíocht a dhéanamh ar onnmhairiú; agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun margaí agus samhlacha gnó nua a fhorbairt. Mar chuid den obair seo, is é an cuspóir atá i gceist **cur go suntasach leis an leibhéal micreaghnónna agus gnónna nuathionscanta a éiríonn ina nOnnmhaireoirí Digiteacha faoin mbliain 2025.**

## Bacainní i leith Digitiú

Ar na bacainní i leith teicneolaíochtaí digiteacha bheith á nglacadh ag SMEnna, áirítear easpa eolais faoi na réitigh dhigiteacha atá ar fáil agus na tairbhí a bhaineann leo; teacht a bheith ar mhaoiniú infheistíochta; scileanna; iontaoibh, lena n-áirítear saincheisteanna slándála agus príobháideachais; aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí áirithe ag gnólachtaí beaga maidir le cibirionsaithe; agus teacht a bheith ar bhonneagar, leathanbhanda ardluais mar shampla.

Measann go leor cuideachtaí go bhfuil infheistíocht i dteicneolaíocht dhigiteach ina chostas seachas ina dheis fhadtéarmach. Mar sin féin, is ionann é agus infheistíocht ar tríthi sin is féidir ní hamháin a n-acmhainneacht a fheabhsú, ach is féidir cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá rompu, ar nós bheith iomaíoch i gcónaí i ndomhan atá ag athrú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, nuair a chuirtear an infheistíocht in éineacht le sraith scileanna ildisciplíneacha ar nós scileanna digiteacha, bainistíochta agus feabhsaithe próiseas.

## Deiseanna Earnála

Ní mar an gcéanna atáthar ag glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha ar fud na n-earnálacha. In Éirinn, bhí claonadh ag tionscail atá ina dtionscail dhlúthshaothair agus áitiúil, ar nós tógáil, fóillíocht, miondíol agus fáilteachas, bheith ag leibhéal níos ísle i dtaca le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha  cé gur cuireadh dlús le glacadh le digitiú sna hearnálacha seo mar gheall ar an bpaindéim.

Maidir le hearnálacha ar nós earnáil na **tógála,** trí theicneolaíochtaí digiteacha agus iad a imeascadh, is féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le heaspa oibrithe, iomaíochas, éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh, cáilíocht agus táirgiúlacht le linn borradh a chur faoi aschur na tógála, go háirithe san earnáil cónaithe. Tá gníomhartha á gcur i bhfeidhm mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta athnuaite (NDP) agus an Plean um Thithíocht do Chách. Chun tacú le rannpháirtíocht dhigiteach san earnáil **monaraíaochta**, Cuireadh *Future Manufacturing Ireland* ar bun, chun soiléireacht a chur ar fáil maidir leis an teicneolaíocht agus saineolas taighde, seirbhísí comhairleacha agus tacaíochtaí maoinithe cuí a fháil.

Maidir leis an earnáil **seirbhísí airgeadais**, déanfaidh uirlisí ar nós blocshlabhra, IS agus mórshonraí an bealach ina bhfeidhmíonn go leor daoine san earnáil faoi láthair a athrú ó bhonn. Gan amhras, bhí an phaindéim ina catalaíoch do go leor tomhaltóirí agus cuideachtaí chun glacadh le hairgeadas digiteach (fintech). Tríd an Straitéis uile-rialtais *Ireland for Finance*, cuideofar le cuideachtaí na hÉireann tairbhe a bhaint as na deiseanna seo, agus acmhainní oideachais a fhorbairt do thomhaltóirí chun ionchuimsiú airgeadais a chur chun cinn.

Sa **talmhaíocht**, tá leas á bhaint cheana féin as teicneolaíochtaí digiteacha, Intleacht Shaorga san áireamh, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, táirgí agus an t-athrú aeráide a mhaolú. Mar shampla, trí fheirmeoireacht bheacht, gintear táirgeacht níos mó in aghaidh an ainmhí agus an heicteáir trí bhainistíocht tréada agus bairr atá á treorú ag sonraí. Táthar ag tabhairt faoi thionscadail nuálacha faoi láthair ar fud na hÉireann le tacaíocht ó Teagasc, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus pobail áitiúla.[1]

---

[1] An Banc Eorpach Infheistíochta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (2019) '[Fiontair bheaga agus meánmhéide in Éirinn a dhigitiú – Samhlacha maidir le tionscadail dhigiteacha a mhaoiniú – Achoimre Feidhmiúcháin]'

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá gclaochlú digiteach, chun gnóthachain ghaolmhara a uasmhéadú.

Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:

- **Clár cuimsitheach a fhorbairt chun digitiú a chur chun cinn ar fud fiontar, go háirithe in SMEnna.** Beidh an clár ar bun ón mbliain 2022 go dtí 2026 agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí néil, mórshonraí, agus IS. Cuirfear maoiniú san áireamh leis tríd an **gCiste um Aistriú Digiteach €85 milliún;** faoi NRRP na hÉireann; agus trí **thacaíochtaí maoinithe cuí eile ón AE** chun tacú le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha.
- **Cur chuige atá treoraithe ag páirtithe leasmhara a chinntiú, trí dhul i dteagmháil le gnónna tríd** an **bhFóram Comhairleach um Chúrsaí Digiteacha d'Fhiontair** nuabhunaithe
- **Feasacht a ardú agus comhairle agus cúnamh a chur ar fáil do SMEnna** maidir lena n-aistriú digiteach **ag obair le gníomhaireachtaí fiontraíochta** (EI, IDA, LEOnna, Údarás na Gaeltachta).
- **Tacú le forbairt scileanna lucht saothair in SMEnna chun tacú le glacadh le digitiú,** lena n-áirítear na tairbhí a bhaineann le hoiliúint san áit oibre a chur chun cinn.
- **Ardáin dhigiteacha a fhorbairt agus a fheabhsú chun tacaíochtaí na nOifigí Fiontair Áitiúla a sholáthar,** ionas go mbeadh an líonra in ann cúnamh a chur ar fáil ar bhealach níos éifeachtaí do mhicreaghnóthais, gnólachtaí nuathionscanta agus SMEnna.

## 1.2 Éire a bheith mar láthair do na príomhfhiontair dhigiteacha

Tá Éire in áit mhaith le bheith ina ceannródaí chun réitigh agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt agus a sholáthar, agus chun forbairt a dhéanamh ar cháil idirnáisiúnta na tíre mar phríomh-mhol agus láthair teicneolaíochta, ina bhfuil **oibríochtaí straitéiseacha ag ocht gcinn den deich bpríomhchuideachtaí bogearraí domhanda agus go leor de na príomhchuideachtaí idirlín**.

Cé go bhfuil Éire in áit mhaith tríd is tríd, agus í i measc na dtíortha is digitithe ar domhan ar feadh roinnt mhaith blianta agus rangaithe sa 5Ú háit faoi láthair de na 27 dtír AE san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach 2021, tá sé tábhachtach tarraingteacht na hÉireann mar láthair do na phríomhfhiontair dhigiteacha a choimeád. Tá acmhainn shuntasach ag baint le digitiú bonn tionscail onnmhairíochta na hÉireann a chlaochlú, ina bhfuil breis agus 478,000 duine fostaithe, agus ina n-onnmhairítear €280 billiún in aghaidh na bliana.

Is dócha go mbeidh ról níos tábhachtaí ag beartas digiteach na hÉireann ó thaobh tionchar a imirt ar chinntí Corparáidí Ilnáisiúnta (MNCanna) maidir le láithreacha. Áirítear leis sin **creat rialála láidir, seasmhach agus soiléir** le haghaidh digitiú, ina mbeidh rialálaithe cumasacha a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu, mar chuid bhunriachtanach de thairiscint straitéiseach na hÉireann. Chomh maith leis sin, tugtar gealltanas leis bonneagar agus nascacht dhigiteach a choimeád agus infheistíocht a dhéanamh iontu; cinnteacht maidir le slándáil sonraí agus Ionad Náisiúnta Cibearshlándála ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha; agus tús áite a thabhairt do scileanna digiteacha a fhorbairt agus píblíne láidir tallainne a chinntiú.

Áirítear fócas le Straitéis nua GFT Éireann, *Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Chur chun Cinn 2021- 2024*, maidir le deiseanna mar gheall ar an gclaochlú digiteach a fhíorú, chomh maith le tacú le cliaint ina gclaochlú digiteach, lena n-áirítear trí thacú le fostaithe cliant a uasoiliúint. Is tríd an straitéis seo a chur i bhfeidhm a dhéanfar na tairbhí a uasmhéadú ar fud an bhoinn fiontar ar fad.

Leanfaidh Éire de dhíriú ar réimsí nua fáis maidir le deiseanna agus taighde ar nós *ríomhaireacht chandamach, IS, blocshlabhra, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, sláinte nasctha, 5G, néalríomhaireacht, feithiclí nasctha féinriailitheacha, agus mórshonraí.* Beidh an tábhacht atá le taighde atá maoinithe go poiblí níos mó ina gné bharrthábhachtach, agus oibreoimid i ndlúthchomhar le tionscal agus leis an saol acadúil chun na deiseanna geilleagracha atá ar fáil a uasmhéadú.

Luamhán tábhachtach eile is ea infhaighteacht **binsí tástála do nuálaíocht dhigiteach**. Tá Éire ag iarraidh bheith ina binse tástála idirnáisiúnta do réitigh dhigiteacha agus d’fhonn sin a bhaint amach, oibreoimid chun bacainní rialála a bhaint agus éiceachóras tacúil a fhorbairt do bhinsí tástála i réimsí straitéiseacha, i soghluaisteacht amach anseo, mar shampla. Trí mhaoiniú a leithdháileadh faoi Bhuiséad 2022 d’Ionad Ardmhonaraíochta nua, in éineacht le háiseanna san Ionad um Thaighde Monaraíochta na hÉireann, cuirfear áiseanna úrscothacha ar fáil do chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus tá sé ina céim shuntasach chun cinn i dtreo an uaillmhian seo a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, cuirfimid rannpháirtíocht na hÉireann i dTionscail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne sa réimse digiteach chun cinn.

Mar aon leis sin, déanfaidh Éire cothromaíocht a aimsiú idir deiseanna agus dúshláin iomaíocha. Mar shampla, tá ionaid sonraí ina ngné an-suntasach d'éileamh leictreachais na hÉireann faoi láthair, agus chomh maith leis sin, níos mó na riamh, tá siad ina gcumasóirí lárnacha bonneagair do gheilleagar dlúth-theicneolaíochta agus nuálach, ar trí sin a dhéantar láthair ar leith d'Éirinn do réimse leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí breisluacha, ar nós comhoibriú idir gnónna, tráchtáil ar líne, baincéireacht, agus bainistiú an tslabhra soláthair. Mar sin féin, is dúshlán é seo maidir le spriocanna na hÉireann um fhuinneamh in-athnuaite agus astaíochtaí carbóin a bhaint amach san earnáil leictreachais, agus bearta á leagan amach sa Phlean Gnímh don Aeráid a foilsíodh le gairid chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Trí bheartas cuí um nascadh leis an ngreille agus leagan amach an mhargaidh leictreachais, in éineacht le taighde, forbairt agus nuálaíocht san earnáil, is féidir éascaíocht a dhéanamh ar bhonneagar atá níos éifeachtúla, solúbtha agus ísealcharbóin do gheilleagar digiteach, eolasbhunaithe na hÉireann. Sa chomhthéacs seo, déanfar athbhreithniú ar an *Government Statement on the Role of Data Centres in Enterprise Strategy* chun go mbeadh sé ina léiriú ar fhorbairt beartais agus rialála nua, dúshláin leanúnacha agus deiseanna a d'fheadfadh bheith roimh an earnáil.

## 1.3 Tairbhí Digiteacha Geilleagracha níos Leithne

Tá Éire in áit mhaith chun leas a bhaint as tairbhí digiteacha níos leithne ar fud an gheilleagair ar an iomlán, trí láidreachtaí reatha a neartú agus forbairt a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ár n-éiceachóras nuálaíochta comhoibríoch, láithreacht ceannairí digiteacha domhanda agus timpeallacht láidir do ghnólachtaí nuathionscanta.

Tá lárnacht oideachais, taighde agus nuálaíochta i ngeilleagar na hÉireann ag baint leis seo. Tá béim níos mó ar thaighde agus nuálaíocht in SMEnna i gceist leis freisin, mar aon lena gcumas ionsúiteach a mhéadú i gcoitinne, go háirithe sa réimse digiteach, mar aon le córas náisiúnta braislithe fuinniúil a threisiú, atá fréamhaithe i líonra Institiúidí Ardoideachais atá gníomhach i dtaighde agus treoraithe ag nuálaíocht a oibríonn i ndlúthchomhar le fiontar dúchasach ina réigiún féin.

**Tá Straitéis Náisiúnta nua um Thaighde agus Nuálaíocht á forbairt**, agus tá sí le foilsiú i dtús na bliana 2022. Beidh sé mar aidhm leis an straitéis taighde, forbairt agus nuálaíocht a chur ag croílár aghaidh a tabhairt ar dhúshláin gheilleagracha agus shochaíocha na hÉireann, go háirithe an dá aistriú maidir leis an aeráid agus digitiú. Chomh maith leis sin láidreofar acmhainn agus cumas tríd an straitéis ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta chun T&N a ardú sa slabhra luacha agus an timpeallacht cheart a chur ar fáil ina gcuirtear taighde den scoth i gcrích agus ina nglactar le nuálaíocht. Is tríd an Straitéis a neartófar na huaillmhianta ceannasaíochta laistigh den straitéis dhigiteach seo.

Chun samhail fáis inbhuanaithe a neadú, ní mór glacadh le cuir chuige braislithe agus tacú leo, le go gnóthófar tairbhí ar fud gach leibhéil den éiceachóras – gnólachtaí nuathionscanta, SMEnna agus MNCanna. Tá **Beartas agus Creat maidir le Braisliú** á fhorbairt faoi láthair chun an acmhainneacht a bhaineann le braisliú mar uirlis beartais chun cuspóirí beartais maidir le fiontar náisiúnta a uasmhéadú, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don aistriú glas agus digiteach. Go deimhin, tá níos mó práinne ag baint leis an riachtanas digiteach mar gheall ar na naisc atá aige lenár n-uaillmhianta glasa, de réir mar atá leagtha amach inár bPlean Gnímh don Aeráid 2021 – ina bhfuil ról barrthábhachtach ag teicneolaíochtaí digiteacha chun muid a chumasú ár spriocanna i leith na haeráide a bhaint amach, mar shampla, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí digiteacha ar nós braiteoirí, gairis líonraithe, agus anailísíocht sonraí cuidiú linn ár n-úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú agus astaíochtaí a laghdú.

Tá IS ar cheann de na teicneolaíochtaí digiteacha lena gcuirtear acmhainneacht ollmhór ar fáil do ghnónna, agus tá an Rialtas i mbun glacadh IS ag gnónna a chur chun cinn faoin **Straitéis Náisiúnta IS,** ag obair leis an **bhFóram Comhairleach um Chúrsaí Digiteacha d'Fhiontar.** Forbróidh sé clár bearta maoinithe spriocdhírithe IS d'fhiontar, in éineacht le huirlisí diagnóiseacha agus tacaíochtaí comhairleacha eile maidir le IS a ghlacadh. Chomh maith leis sin, ardóidh sé feasacht i measc gnónna de gach méid – idir SMEnna beaga agus MNCanna – maidir leis na hacmhainní atá ar fáil ó Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha/ Ionaid Barr Feabhais, lena n-áirítear saineolas IS. In 2021 chuaigh Éire isteach i **gComhpháirtíocht Dhomhanda OECD maidir le IS (GPAI),** ar trí sin a cuireadh deis ar fáil ar chomhoibriú idirnáisiúnta agus ar **luachanna coiteanna, IS iontaofa agus trédhearcacht a chur chun cinn.** Trí bhallraíocht in GPAI, tá Éire in ann bheith ar thús cadhnaíochta maidir le IS a úsáid agus a fhorbairt sa saol réadúil agus cuirtear deiseanna nua ar fáil do thaighdeoirí agus saineolaithe in Éirinn chun gníomhú go hidirnáisiúnta.

Tá an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ag déanamh iniúchadh ar na scileanna atá ag teastáil chun IS a úsáid, a bhainistiú agus a rialú i gcaitheamh an chéad chúig nó deich mbliana atá amach romhainn. Tríd an staidéar, atá le foilsiú i dtús na bliana 2022, tabharfar aghaidh ar an gcineál scileanna a bheidh riachtanach má tá Éire le bheith ina ceannaire
i ndáil le IS shábháilte, eiticiúil agus iontaofa. Cuideoidh na moltaí seo leis na gníomhartha straitéiseacha ardleibhéil maidir le hoideachas, scileanna agus tallann a leagadh amach sa Straitéis Náisiúnta IS a thabhairt ar aghaidh agus cuideoidh siad freisin le lucht saothair a chur chun cinn in Éirinn atá oilte agus ullamh don tionchar atá ag glacadh le digitiú atá ag fás ar fud gach réimse den gheilleagar.

Ag leibhéal iltaobhach lena n-áirítear ag an WTO, agus ag leibhéal an AE freisin, oibreoidh Éire i gcónaí lenár gcomhpháirtithe atá ar aon intinn linn do Chomhaontuithe i réimsí ina ndéantar éascaíocht ar **rialacha soiléire agus prionsabálta maidir le Trádáil Dhigiteach.** Áirítear leis seo saincheisteanna ar nós éascaíocht a dhéanamh ar shreafaí sonraí gnó le linn cloí go hiomlán le caighdeáin cosanta sonraí an AE agus riachtanais logánaithe sonraí neamhriachtanacha agus cosantaíocha a sheachaint. Maidir leis sin, tacaíonn Éire le rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh le SAM agus le dlínsí eile chun creataí buana agus marthanacha a chur ar bun le haghaidh aistrithe sonraí le cosaintí cuí, go háirithe maidir le sreafaí sonraí idir an AE agus SAM, agus chomh maith leis sin, toisc go ndéanann sé forbairt

ar mhóiminteam chinntí an Choimisiúin maidir le leordhóthanacht aistrithe sonraí idirnáisiúnta a comhaontaíodh sa bhliain 2021 leis an Ríocht Aontaithe agus le Poblacht na Cóiré. Chomh maith leis sin, oibreoidh Éire lenár gcomhpháirtithe san AE lena chinntiú go dtugtar faoi ghealltanais bhunriachtanacha i leith sreabhadh sonraí inár n-idirbheartaíochtaí maidir le Comhaontú Saorthrádála le comhpháirtithe Tríú Tír, agus i gcomhphlé le SAM faoi scáth na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an AE agus SAM.

### Cuideachtaí Nuathionscanta Digiteacha a Chothú

Tá éiceachóras láidir ag Éirinn do chuideachtaí nuathionscanta agus luathchéime, lena n-áirítear clár tacaíochtaí airgeadais agus forbartha do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha a chuireann gníomhaireachtaí fiontair ar fáil. Úsáidfear an t-éiceachóras seo chun glúin nua de ghnólachtaí nuathionscanta digiteacha a chothú, lena n-áireofar cinnte a dhéanamh de go ndírítear ar a laghad 35% de mhaoiniú Stáit do chuideachtaí luathchéime ar ghnónna digiteacha nuálacha, leis an uaillmhian aonbheannaigh dhigiteacha fhéideartha a chothú.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Tabhairt faoi chur chuige comhleanúnach, comhtháite i leith an aistrithe dhigitigh, trí éiceachóras tréan agus cumasóirí láidre.**

Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:

Úsáid a bhaint as an bpróiseas **soláthair phoiblí** chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta digiteacha nuálacha agus SMEnna.

- Níos mó **infheistíocht chothromais Rialtais** a dhíriú ar ghnólachtaí digiteacha nuathionscanta, e.g. trí Scéimeanna do Ghnólachtaí
- Nuathionscanta Ardacmhainne & Caipiteal Síl agus Fiontair EI, an Ciste Cothromais um Nuálaíocht agus an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha.
- Éiceachóras a fhorbairt do **fiontraithe digiteacha uaillmhianacha** trí:
    - Infheistíocht ó sholáthraithe maoinithe idirnáisiúnta a ghiaráil (an AE san áireamh EU);
    - Leanúint den líon gnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir na mban agus líon na mban i róil cheannaireachta i gcuideachtaí digiteacha a mhéadú.
- **Cruthú binsí tástála agus boscaí gainimh rialála do IS agus do theicneolaíochtaí digiteacha eile a chur chun cinn**, lena n-áirítear trí bhacainní rialála a laghdú agus éiceachóras tacúil a chothú.
- **Moil Nuálaíochta Digiteacha Eorpacha** na hÉireann a bhunú **in 2022**, mar chuid de líonra uile-Eorpach, le go mbeadh fáil níos fearr ag SMEnna ar theicneolaíocht dhigiteach, agus **comhairle, saineolas, agus deiseanna a chur ar fáil chun triail a bhaint as teicneolaíochtaí**.
- **Braisle Náisiúnta IS a bhunú in 2022 chun comhoibriú agus iarmhairt idir MNCanna agus SMEnna a chur chun cinn**, mar chuid de Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann.
- **Obair a dhéanamh chun bacainní a bhaint ar fud Mhargadh Aonair an AE** chun go mbeadh teacht níos fearr ag seirbhísí digiteacha ar an margadh.



# Gné 2

# Bonneagar Digiteach




# Gné 2: Bonneagar Digiteach

Tá bonneagar digiteach mar bhonn agus mar thaca faoi uaillmhianta geilleagracha agus sóisialta digiteacha na hÉireann a bhaint amach. Is réamhriachtanas é i ndáil le soláthar tairbhí sóisialta a chinntiú, lena n-áirítear cinnte a dhéanamh de nach bhfágtar grúpaí atá i mbaol ar lár san aistriú digiteach seo, agus gur féidir leo deiseanna digiteacha a ghlacadh chucu féin go hiomlán.

Tá nascacht dhigiteach uilíoch agus ardchaighdeáin ríthábhachtach maidir le spriocanna an Rialtais i leith forbairt réigiúnach atá cothrom agus inbhuanaithe a bhaint amach. Áirítear leis sin níos mó cianoibre a chumasú, rud a chuireann le bailte agus sráidbhailte a athbheochan, agus a chuidíonn le dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach do cheantair thuaithe, agus a laghdaíonn astaíochtaí. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí digiteacha, nuair a dhéantar iad a bhainistiú go cuí, ról tábhachtach bheith acu freisin ó thaobh úsáid fuinnimh agus acmhainní a laghdú agus dícharbónú a chumasú.

Agús dlús á chur leis an úsáid a bhaintear as digitiú ar fud gach gné dár saol, tá an tábhacht atá le cibearshlándáil ag méadú. Tá cibearshlándáil ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí, agus infheistíocht i ndaoine, táirgí agus próisis bunriachtanach i dtaca le bonneagar, sonraí agus córais dhigiteacha a dhéanamh sábháilte. Ní mór céimeanna cuí a ghlacadh chun cibirionsaithe sa bhaile, i ngnónna agus i seirbhísí bunriachtanacha a chosc agus a laghdú agus tá an Rialtas ag cur le cumas, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na tíre.



## Gné 2 Spriocanna Foriomlána

Tá an Rialtas chun nascacht níos mó a chur chun cinn ionas go mbeifí in ann na tairbhí a bhaineann le digitiú a fhíorú go hiomlán ar fud an gheilleagair agus na sochaí i gcoitinne:

- **Clúdófar gach teaghlach agus gnó in Éirinn faoi líonra Gigighiotáin tráth nach déanaí ná an bhliain 2028**
- **Clúdófar gach limistéar a bhfuil cónaí ann faoi 5G tráth nach déanaí ná 2030**
- **Soláthar nascacht dhigiteach do gach Mol agus Scoil Nasctha a chur i gcrích faoin mbliain 2023**
- **Dearbhú neamhspleách a thabhairt go bhfuil bearta láidre maolaithe cibearshlándála atá bunaithe ar chaighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta curtha i bhfeidhm faoin mbliain 2024 ag gach oibritheoir seirbhísí bunriachtanacha, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí barrthábhachtacha**



## 2.1 Nascacht Dhigiteach

Tá nascacht shábháilte, ardchaighdeáin agus uilíoch ina gné lárnach ó thaobh deiseanna geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a fhíorú, ar nós níos mó cianoibre a chumasú, ar trí sin a dhéantar éascaíocht ar níos mó ama bheith ag daoine aonair, níos lú comaitéireachta agus astaíochtaí, teacht níos fearr bheith ar thallann agus scileanna, agus tairbhí ó thaobh na táirgiúlachta de. Áirítear leis sin uaillmhianta an Rialtais faoina *Straitéis um Chianobair* a fhíorú, ina dtugtar isteach reachtaíocht chun an ceart a thabhairt d'fhostaithe cianobair a iarraidh. Ar an meán, meastar go mbainfear amach glanchoigilt suas le 10 kWh in aghaidh an lae in aghaidh gach aon chianoibrí, ar trí sin a laghdófar úsáid fuinnimh iompair agus astaíochtaí carbóin comaitéirí.

D'fhonn é sin a bhaint amach, ní mór nascacht a chur ar fáil do na láithreacha tuaithe is iargúlta fiú; trí éascaíocht a dhéanamh ar líonraí náisiúnta a chomhtháthú, leabharlanna mar shampla, le Pointí Nasctha Leathanbhanda agus **Moil Nasctha;** agus trí thacú le líonraí mol nuálaíochta réigiúnacha a fhorbairt. Cumasóir ríthábhachtach is ea na Plean Náisiúnta Leathanbhanda a sheachadadh go hiomlán.

Tá Éire tiomanta do nascacht dhigiteach a bhfuil feidhmíocht, slándáil agus inbhuanaitheacht thar barr ina sainghnéithe aici, agus atá barrfheabhsaithe chun leas a bhaint as na teicneolaíochtaí snáithín optaice is déanaí i líonraí socraithe agus chun córais nuálacha gan sreang ar nós 5G a nascadh, ar son rath agus ionchuimsiú sóisialta na tíre.

Beidh sé seo á threorú ag na prionsabail maidir le hinfheistíocht i réitigh atá tíosach ar fhuinneamh, sláine líonra agus slándáil a spreagadh, trí thacú le líonraí reatha agus an t-aistriú go líonraí Gigighiotáin agus 5G a nuachóiriú agus éascaíocht a dhéanamh air le tacaíochtaí díreacha agus neamhdhíreacha araon ón Rialtas. Beidh sé tábhachtach freisin comhleanúnachas a chinntiú inár gcreat rialála ionas go gcuirtear bonneagar iomaíoch chun cinn, go spreagtar infheistíocht, agus go dtacaítear le nuálaíocht i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus go mbaintear bacainní neamhriachtanacha.

Déanfar **Straitéis um Nascacht Dhigiteach** atá dírithe go príomha ar an mbonneagar teileachumarsáide fisiciúil agus seirbhísí a chuireann nascacht dhigiteach ar fáil a fhorbairt i gcomhairle leis an tionscal i gcoitinne lena chinntiú go gcuirtear na cumasóirí cuí ar bun.

**Is é sprioc foriomlán um nascacht dhigiteach na hÉireann, atá ar cheann de na spriocanna is uaillmhianaí san AE, ná cinnte a dhéanamh de go mbeidh gach teaghlach agus gnó in Éirinn clúdaithe le seirbhís líonra Gigighiotáin tráth nach déanaí ná an bhliain 2028, agus go mbeidh gach limistéar a bhfuil cónaí ann clúdaithe le 5G tráthnach déanaí ná an bhliain 2030.**

Trí infheistíocht tráchtála an tionscail teileachumarsáide, cuirfear nascacht dhigiteach ar fáil ar fud formhór mór an Stáit; agus cuirfidh an Stát leis sin tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. Tá an Rialtas tiomanta i gcónaí don **Phlean Náisiúnta Leathanbhanda** a rolladh amach, agus tá sé i mbun cur chuige lúfar agus freagrúil a chinntiú chun an tionscadal mórscála seo a chur ar fáil le €2.7 billiún geallta don Phlean i dtimpeallacht atá ag forbairt an t-am ar fad.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Nascacht mhéadaithe gigighiotáin agus 5G, lena n-áirítear nascacht idirnáisiúnta, a chur chun cinn. Áireofar leis sin infheistíocht tráchtála i mbonneagar a chur i gcrích trí thionscnaimh faoi threoir an Rialtais agus trí éascaíocht a dhéanamh ar chumasóirí eile de réir mar is cuí.**

Áirítear leis an sruth oibre seo:

- **Infheistíocht ó oibritheoirí tráchtála i seirbhísí líonra Gigighiotáin atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus acmhainneach don fhormhór mór áitreabh,** i limistéir uirbeacha agus fo-uirbeacha go príomha ina gclúdaítear thart ar 77% d'áitribh ar fud an Stáit;

- **Seirbhísí líonra Gigighiotáin a chur ar fáil tríd an Idirghabháil faoi threoir an Stáit faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda** do cheantair thuaithe go príomha ina gclúdaítear thart ar 23% d'áitribh ar fud an Stáit;

- **Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne a thabhairt isteach do leathanbhanda, nuair is cuí,** lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil do chách agus é sin a chosaint;

- **Nascacht ardluais a chur ar fáil ar an toirt do láithreacha barrthábhachtacha,** mar shampla, do mhoil dhigiteacha, scoileanna, stáisiúin Garda agus saoráidí eile Rialtais ar fud na tíre. Áirítear leis sin tionscnamh faoi Phlean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann (NRRP) chun nascacht leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do suas le 1,100 bunscoil trí Chlár Leathanbhanda na Scoileanna agus maoiniú deontais TFC chun cur ar chumas scoileanna tacú le foghlaimeoirí trí nascacht, gairis agus bogearraí a chur ar fáil; chomh maith le clár ina gcuirtear ríomhairí glúine ar fáil do 20,000 mac léinn faoi mhíbhuntáiste i mBreisoideachas agus Ardoideachas;

- Trí **thionscadal na bPointí Nasctha Leathanbhanda (BCPnna)** cuirfear nasc leathanbhanda ardluais ar fáil lena úsáid ag an bpobal do 300 láthair a bhfuil rochtain phoiblí orthu. Freastalaíonn na láithreacha seo ar limistéir thuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear roinnt oileáin amach ón gcósta, nach bhfuil teacht acu ar sheirbhísí leathanbhanda iontaofa i láthair na huaire;

- Tá moil chianoibre á nascadh ar fud na hÉireann trí **connectedhubs.ie, atá ina ardán bainistithe mol**, a chuireann ar chumas bainisteoirí mol sceidealú, íocaíochtaí agus rannpháirtíocht phobail a láimhseáil trí láithreán gréasáin amháin. Chláraigh níos mó ná 170 mol cheana féin chun úsáid a bhaint as an ardán, atá tacaithe ag an gCiste Mol Nasctha, trína gcuirtear deontais ar fáil chun cur le hacmhainn agus eispéireas úsáideoirí a fheabhsú;

- **Leanúint de bhaill Wi-Fi Eduroam Wi-Fi a rolladh amach** ar fud na hÉireann, atá lonnaithe in eagraíochtaí tríú leibhéal agus eagraíochtaí taighde, leabharlanna, láir bhailte, timpeallachtaí cúraim sláinte agus timpeallachtaí pobail eile;

- A chinntiú go bhfuil **bonneagar nascachta idirnáisiúnta chuig an Stát agus ón Stát acmhainneach, éagsúil mar is cuí, agus láidir** ionas gur féidir leo freastal ar éilimh

náisiúnta trí thairbhí socheacnamaíocha níos leithne a bharrfheabhsú;

- Sa **Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí** (2021), aithníodh trí chuspóir bharrthábhachtacha chun tacú le nascacht dhigiteach idirnáisiúnta agus náisiúnta na hÉireann, a bhfuil an-tábhacht ag baint leis ó thaobh iomaíochas na hÉireann i margaí domhanda agus sa gheilleagar eolais agus faisnéise a choimeád agus cur leis. Is iad na cuspóirí atá ann ná: Éascaíocht a dhéanamh ar nascacht idirnáisiúnta ardluais idir Éire agus tíortha eile; Cinnte a dhéanamh de gur féidir lenár bpobail oileáin leas a bhaint as na deiseanna a d'fhéadfadh bheith ar fáil trí líonraí cumarsáide ardluais; agus cáblaí teileachumarsáide reatha a Chosaint. Achtaíodh an **tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí** le gairid le go mbeifí in ann iarratais phleanála maidir le cáblaí fomhuirí a fhorbairt chun cuidiú lenár nascacht amach ón gcósta, agus le naisc theileachumarsáide díreacha idir an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh go háirithe, a bhreithniú go héifeachtach. Leis an Acht, cuirtear córas láidir nua pleanála ar fáil mar aon le léiriú intinne ón Rialtas i leith na hearnála seo.

- A chinntiú go **n-eisítear Speictream 5G an Stáit i gcónaí** le hoibleagáidí cuí maidir le clúdach agus úsáid, mar aon le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar úsáid an speictrim seo do láithreacha laistigh agus lasmuigh araon, lena chinntiú go n-úsáidtear é go héifeachtúil agus go héifeachtach;

- A chinntiú go ndéantar an **speictream cuí a choinneáil,** agus go gcuirtear réitigh do nascacht mhóibíleach ar fáil lena n-úsáid ag **seirbhísí poiblí;**

- **Taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn** a bheidh ag teastáil go fadtéarmach a chur chun cinn, mar aon le húsáid a bhaint as na líonraí píolótacha agus tástála atá ar fáil ar fud an Stáit;

- Na héiceachórais riachtanacha a chothú chun éascaíocht a dhéanamh ar **fheidhmchláir agus seirbhísí Smart City** a chur ar fáil i bpobail uirbeacha/fo-uirbeacha, bailte agus tuaithe, le tairbhí dearfacha, lena n-áirítear tairbhí do ghlanastaíochtaí nialasacha;

- Éascaíocht a dhéanamh ar nascacht a fhorbairt ar feadh ár **bPríomhchonairí Iompair chun tacú le seirbhísí iompair cliste;** agus

- **A chinntiú go mbaineann riaracháin phoiblí an tairbhe is mó agus is féidir as teicneolaíochtaí 5G** trí bhonneagar a chruthú ina gcuirtear ar chumas úsáideoirí sonraí a phróiseáil ag an láthair chuí (e.g. nód ciumhaise; nód réigiúnach; nó Néal). Tríd seo, cuirfear go mór le cumas na hÉireann maidir le Cosaint an Phobail agus Fóirithint Anachaine, agus cuirfear léargais phraiticiúla ar fáil ag an am céanna freisin do gach earnáil maidir leis na réitigh seo a úsáid.



### Teicneolaíochtaí Digiteacha agus Inbhuanaitheacht

Tá ról ríthábhachtach ag teicneolaíochtaí digiteacha maidir le húsáid fuinnimh agus acmhainní a laghdú, trí dhícharbónú a chumasú le linn leas sóisialta agus geilleagrach a choimeád agus trí shonraí atá tábhachtach maidir le hathrú aeráide a mhaolú agus dul in oiriúint dó a bhailiú agus a anailísiú, agus chun éiceachórais agus bithéagsúlacht a thabhairt ar ais. Mar sin féin, ní rud cinnte é go mbeidh na héifeachtaí seo ag baint le leathadh na dteicneolaíochtaí digiteacha seo. Féadann na héifeachtaí atá ag teicneolaíochtaí digiteacha féin ar an gcomhshaol bheith diúltach agus suntasach. Áirítear leis sin éilimh ar fhuinneamh, úsáid acmhainní agus cruthú truaillithe agus dramhaíola.

Ní mór go gcinnteofaí le beartas go ndéantar na tairbhí dearfacha d’inbhuanaitheacht a uasmhéadú agus go n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach inbhuanaithe. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha maidir le fuinneamh agus an geilleagar ciorclach.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochta digiteacha maidir le fuinneamh agus an geilleagar ciorclach trí chuir chuige agus prionsabail oiriúnacha.**

Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:

- Anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha atá ag athruithe i dteicneolaíocht dhigiteach ar inbhuanaitheacht, go háirithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus an geilleagar ciorclach, i gcomhairle le saineolaithe.



## 2.2 Cibearshlándáil

Tá aitheantas tugtha le fada don tábhacht ollmhór atá ag TFC maidir le seirbhísí bunriachtanacha a chur ar fáil. Ní mór cibearshlándáil a aithint agus a bhainistiú mar riosca straitéiseach do ghnónna agus comhlachtaí Stáit.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an Treoir 2016 ón AE um Líonraí agus Seirbhísí Faisnéise, lena n-éilítear ar Bhallstáit Oibritheoirí Seirbhísí Bunriachtanacha i mbonneagar digiteach agus earnálacha eile a ainmniú, a athbhreithniú de bhun moladh ón gCoimisiún Eorpach ina gcuirfí lena sainchúram. Táthar ag súil go mbunófar leis an Treoir athbhreithnithe **réimeas rialála níos leithne agus níos mionchúisí** do na seirbhísí cibearshlándála ar fud an gheilleagair, a chuimseoidh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.

Agus aitheantas á thabhairt don mhéadú ar an tábhacht atá le cibearshlándáil éifeachtach chun aistriú digiteach dearfach a dhéanamh, tá an Rialtas ag tabhairt tús áite d'acmhainn, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na hÉireann, lena n-airítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála agus cumas an Ionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) a neartú le hacmhainní, tallann agus scileanna breise.

Áirítear leis an **Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála** (2019-2024) is déanaí in Éirinn cibearshlándáil bonneagar náisiúnta ríthábhachtach mar thosaíocht. Is é an fhís atá leis an Straitéis go mbeadh Éire in ann leanúint de leas a bhaint as tairbhí na réabhlóide digití go sábháilte agus páirt iomlán a ghlacadh i dtionchar a imirt ar thodhchaí an Idirlín. Is é an méid atá i gceist leis sin ná:

- An Stát, na daoine atá ann, agus an bonneagar náisiúnta ríthábhachtach a **chosaint** ar bhagairtí i réimse na cibearshlándála;
- Acmhainn an Stáit, institiúidí taighde, gnónna agus na ndaoine a **fhorbairt** chun tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha dúshláin atá sa spás seo agus iad a bhainistiú araon; agus
- **Rannpháirtíocht straitéiseach náisiúnta agus idirnáisiúnta** ón Stát chun tacú le cibearspás atá saor, oscailte, síochánta agus sábháilte.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an Straitéis a chur i bhfeidhm, mar shampla, foilsíodh an caighdeán bonnlíne cibearshlándála do chomhlachtaí poiblí i mí na Samhna 2021. Déanfaidh gach Roinn den Rialtas agus gníomhaireachtaí barrthábhachtacha an caighdeán seo, atá bunaithe ar chreat NIST atá aitheanta go hidirnáisiúnta, a chur i bhfeidhm agus é a chur i bhfeidhm in iniúchtaí cibearshlándála a dhéanfar ar na comhlachtaí seo.

Tá NCSC i mbun iniúchtaí cibearshlándála neamhspleácha a chur i gcrích ar oibritheoirí seirbhísí bunriachtanacha lena dhearbhú go neamhspleách go bhfuil bearta cuí á gcur i bhfeidhm chun ullmhú do chibirionsaithe, gníomhú ina leith agus téarnamh uathu. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le cibearshlándáil ar fud an gheilleagair agus na sochaí, áirítear roinnt bearta leis an Straitéis freisin maidir le forbairt scileanna agus oideachas. Déanfar bearta breise, chun cur chuige na hÉireann a fheabhsú agus a neartú, a bhreithniú mar chuid den athbhreithniú ar an Straitéis, a chuirfear i gcrích le linn na bliana 2022.

Bhunaigh an Rialtas an **tIonad Náisiúnta Cibearshlándála** (NCSC) sa bhliain 2011, a bhfuil sainchúram leathan aige ar fud chibearshlándáil TFC an Rialtais agus bonneagair náisiúnta ríthábhachtaigh. IS é an NCSC an príomhúdarás um chibearshlándáil sa Stát, agus áirítear leis na príomhróil atá aige:

- **Monatóireacht a dhéanamh ar theagmhais chibearshlándála** sa Stát **agus gníomhú ina leith**;
- **Faisnéis a bhainistiú agus a chomhroinnt** maidir le bagairtí do shlándáil líonra agus faisnéise sa Stát agus le linn teagmhas freisin; agus
- **Iarrachtaí a threorú chun acmhainneacht agus ullmhacht an Stáit a fheabhsú** i dtaca le cibearshlándáil, lena n-áirítear an Rialtas, bonneagar náisiúnta ríthábhachtach, agus gnó.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Tús áite a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na Éireann, mar léiriú ar an tábhacht níos mó atá ag cibearshlándáil.**

Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:

- Pacáiste suntasach **bearta chun acmhainn agus bonn an NCSC a láidriú** a chur ar fáil, lena chinntiú go leanann sé dá shainordú a chomhlíonadh chun tacú leis an Rialtas, bonneagar ríthábhachtach agus gnónna, áirítear leis sin:
    - **An NCSC a mhéadú** ó 25 go 45 ball foirne le linn na chéad 18 mí eile, agus go 70 laistigh de 5 bliana;
    - Forbairt a dhéanamh ar **reachtaíocht chun an NCSC a bhunú ar bhonn reachtúil** le sraith cumhachtaí foirmiúla agus sainordú dlíthiúil;
    - **Déanfar Straitéis Teicneolaíochta 5 bliana a fhorbairt don NCSC** lena ndéanfar a riachtanais inmheánacha, agus a chaidreamh leis an saol acadúil agus tionscal a mheas; agus
    - Cuirfidh an NCSC tús le **clár oiliúna do chéimithe maidir le cibearshlándáil,** le céimithe ríomheolaíochta earcaithe gach aon bhliain ar chonradh 3 bliana.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an **Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála** in 2022 chun aitheantas a thabhairt do dhul chun cinn a rinneadh agus gníomhú go héifeachtach i leith an tírdhreacha domhanda cibearshlándála atá ag éabhlóidiú.

## Cibirionsaí ar an HSE in 2021

Tá an cibirionsaí a rinneadh ar an gCóras Sláinte i mí Bealtaine 2021, agus iarrachtaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon ina léiriú ar an tionchar nach beag a imrítear ar sheirbhísí líne thosaigh mar gheall ar ghníomhaíocht choiriúil dá leithéid.

Le tacaíocht ón Ionad Náisiúnta Cibearslándála, bhí an HSE in ann saineolas idirnáisiúnta den chead scoth a rochtain go mear chun cuidiú leo go díreach i ndiaidh an ionsaithe, agus chun bearta teicniúla agus oibríochtúla breise a chur i bhfeidhm chun a córais a chosaint ar ionsaí eile. Bhí infheistíocht shuntasach ag teastáil chun déileáil le héifeachtaí láithreacha an ionsaithe agus na leibhéil cibear-athléimneachta atá ag teastáil a fheabhsú.

I mí Meithimh 2021, choimisiúnaigh Bord an HSE, i gcomhar leis an CEO agus EMT, athbhreithniú iartheagmhais (PIR) chun ullmhacht theicniúil agus oibríochtúil an HSE do theagmhas den chineál seo a fháil amach go práinneach; agus chun nithe a foghlaimíodh a aithint don HSE agus d'eagraíochtaí Stáit agus eagraíochtaí nach leis an Stát iad araon chun bonn eolais a chur faoina n-ullmhacht amach anseo.

Foilsíodh na torthaí agus leagtar amach iontu moltaí straitéiseacha agus teicniúla araon le cur i bhfeidhm. Go hachomair, tá athrú claochlaitheach a bhaineann le daoine, próiseas agus teicneolaíocht ag teastáil ar fud an bhoinn teicneolaíochta maidir le soláthar seirbhísí sláinte agus an chibearshlándáil a bhaineann leis, a chaithfear a chur i bhfeidhm sna blianta atá le teacht, agus caithfear leibhéil fheabhsaithe cibear-athléimneachta a choimeád. Thug an HSE faoi na moltaí atá sa tuarascáil a chur i bhfeidhm agus táthar ag obair ar chlár claochlaitheach TFC agus cibearshlándála ilbhliantúil.

Chuir an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála athbhreithniú iartheagmhais dá chuid féin i gcrích agus fuarthas ceachtanna ó athbhreithniú an HSE. Roinneadh an méid a foghlaimíodh ó na hathbhreithnithe seo le hoibritheoirí seirbhísí bunriachtanacha agus déanfaidh siad eolas freisin do rannpháirtíocht an NCSC le páirtithe leasmhara sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha amach anseo.



# Gné 3

# Scileanna



# Gné 3: Scileanna


De réir mar atá luaite ag an OECD[32], tá teicneolaíochtaí digiteacha ag cur cruth nua ar an mbealach atá daoine ag maireachtáil, ag obair agus ag foghlaim. Tá ag géarú ar an treocht seo agus cuireadh dlús leis mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Beidh éifeachtaí doimhne agus buana ag digitiú ar shaol na hoibre. Tá tábhacht bhunriachtanach ag baint leis maidir leis na scileanna agus inniúlachtaí a theastaíonn ó dhaoine chun fostaíocht a fháil, a choinneáil agus bheith faoi rath inti mar aon le forbairt leanúnach a dhéanamh ar lucht saothair atá in ann dul in oiriúint go rathúil don réabhlóid dhigiteach.

Le go mbeadh Éire ina ceannaire idirnáisiúnta sa gheilleagar digiteach, ní mór go mbeadh ár mbeartas i leith scileanna dírithe ar scileanna digiteacha a bhaint amach ag gach leibhéal. Áirítear leis sin:

- **Scileanna Digiteacha Ardleibhéil:** Píblíne láidir tallainne agus saineolais a chinntiú don gheilleagar trí scileanna digiteacha ardleibhéil a fhorbairt;
- **Scileanna Digiteacha don Mhargadh Fostaíochta:** Tacaíocht a thabhairt do leibhéil chuí scileanna digiteacha don lucht saothair ar an iomlán; agus
- **Scileanna Digiteacha don tSochaí:** Scileanna digiteacha don daonra i gcoitinne a chinntiú, chun cur ar chumas gach cohórt páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, agus leas a bhaint as an gclaochlú digiteach.

Ní mór go mbeadh an beartas agus soláthar scileanna comhtháite go dlúth leis an riachtanas uileghabhálach maidir le glacadh le digitiú ar fud an tionscail, an fhiontair agus na sochaí a dhoimhniú agus dlús a chur leis.

Trí chlaochlú digiteach an gheilleagair agus na sochaí, athdhearbhaítear an tábhacht atá le scileanna, eolas agus cáilíochtaí coiteanna ár lucht saothair d'inbhuanaitheacht gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann. Déanfar eolas agus treoir dár bhfreagra trí na **deiseanna atá le fáil sna tionchair a neartaíonn a chéile maidir le forbairt an lucht saothair, nuálaíocht agus táirgiúlacht** agus ní mór iad a chumasú trí leibhéil chuí infheistíochta in ardoideachas agus breisoideachas.




2 Ionchas Scileanna OECD 2019 Rathú i nDomhan Digiteach

## Gné 3 Spriocanna Foriomlána

Déanfaidh an Rialtas forbairt an tsoláthair scileanna digiteacha a chur chun cinn ar fud an speictrim scileanna chun cur ar chumas gach cohórt ar fud an mhargaidh fostaíochta agus na sochaí i gcoitinne páirt dhearfach a ghlacadh san aistriú digiteach agus leas a bhaint as:

- **An líon foghlaimeoirí a bhaineann céim amach i scileanna digiteacha ardleibhéil a mhéadú go breis agus 12,400 céimí, printíseach agus oiliúnaí faoi dheireadh na bliana 2022, leis an uaillmhian chun an soláthar scileanna digiteacha a mhéadú tuilleadh sna blianta ina dhiaidh sin**
- **An sciar daoine fásta in Éirinn a bhfuil scileanna digiteacha bunúsacha ar a laghad acu a mhéadú go 80% faoin mbliain 2030 (de réir mar a thomhaiseann DESI)**

## 3.1 An Tionchar atá ag Teicneolaíochtaí ar Fhostaíocht

I gcaitheamh na chéad deich mbliana eile, táthar ag súil go mbeidh digitiú, mar aon leis an tionchar a bheidh ag an 'glasú' bunriachtanach a dhéanamh ar phoist, ina chúis le lucht saothair na hÉireann a athchumrú. Tá sruth nua uathoibrithe á chur chun cinn mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha, agus ní mór tacú le hoibrithe a dtacair scileanna a fhorbairt agus a chur in oiriúint chun freastal ar na hathruithe seo. Táthar ag súil go dtiocfaidh deireadh le roinnt poist tríd is tríd; cuirfear roinnt poist i gcrích ar bhealach atá an-difriúil mar gheall ar theicneolaíocht dhigiteach bheith ag cur le hoibrithe sa tasc a chuireann siad i gcrích. Chomh maith leis sin, tá poist nua á gcruthú mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha trí thascanna nua nó tascanna a bhfuil athchóiriú suntasach déanta orthu bheith ag teacht chun cinn.

Táthar ag tuar go mbeidh na fórsaí seo ina gcúis le cur isteach suntasach ar phatrúin fostaíochta reatha. Beidh tionchar ag na bearta agus gníomhartha a dtabharfar fúthu chun an lucht saothair reatha agus amach anseo a ullmhú don aistriú digiteach ar an toradh maidir le fostaíocht.

Measadh i dtuarascáil na bliana 2018 maidir leis an Aistriú Digiteach ón Sainghrúpa maidir le Riachtanais Scileanna sa Todhchaí go bhfuil ardriosca i gceist go gcuirfear isteach ar phost amháin as gach trí cinn ach socraíodh go mbeidh cuid mhaith den chur isteach ina chúis le hathruithe ar róil agus tascanna seachas caillteanais post. I mí Aibreáin 2020, mheas SOLAS go bhfuil níos mó ná 370,000 duine fostaithe in Éirinn i bpost a bhfuil ardriosca uathoibrithe ag baint leis agus go bhfuil 600,000 post eile a bhfuil meánriosca uathoibrithe ag baint leo. Go hiondúil, tá riosca níos mó ar chaillteanais poist ag oibrithe a bhfuil oideachas níos ísle acu agus atá faoi réir ag bearnaí scileanna agus scileanna trasnaí.

Tá forbairt scileanna ríthábhachtach maidir le poist a bhfuil níos mó oibriú in éineacht le teicneolaíochtaí nua ag baint leo a athdhearadh. Chomh maith leis sin, beidh sé seo ríthábhachtach maidir le borradh a chur faoi nuálaíocht agus táirgiúlacht ar fud an lucht saothair, lena n-áirítear poist a raibh scileanna ísle ina gcomhartha sóirt acu go traidisiúnta.

## 3.2 An Freagra Beartais Reatha maidir le Scileanna

Cuimsíonn córas soláthair scileanna na hÉireann an Córas Luath-Óige agus Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint (FET), Ardoideachas (HE) agus cuimsíonn an córas Foghlaim ar Feadh an tSaoil, Oideachas Aosach agus oideachas pobail freisin. Is é an prionsabal uileghabhálach a threoraíonn forbairt an chórais oideachais tríú leibhéal ná aclaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe i saol na hoibre, arna gcur chun cinn ag teicneolaíocht, mar aon le cuspóirí i leith na haeráide a chomhlíonadh.

Faoin gcreat a chuirtear ar fáil faoi Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta na hÉireann, agus an Plean Náisiúnta um Théarnamh agus Acmhainneacht, tá freagra beartais ilghnéitheach maidir le scileanna i bhfeidhm nó faoi bhealach ar fud an Chórais Scoileanna, HE agus FET ag gníomhú i leith riachtanais scileanna. Áirítear leis sin:

- Straitéis Digiteach nua do Scoileanna (atá le cur ar fáil i dtús na bliana 2022);
- An Ráiteas Beartais Oideachais STEM 2017-2026;
- Teicneolaíocht 2022 an Tríú Plean Gnímh TFC de chuid na hÉireann;
- Springboard+ agus an Tionscnamh Caipitil Daonna (HCI Colún 1);
- Plean Gníomh i leith na Printíseachta;
- Tionscnaimh SOLAS maidir le Scileanna chun Dul san Iomaíocht agus Scileanna chun Dul chun Cinn a Dhéanamh;
- Cláir de chuid Skillnet Ireland.

Go háirithe, mar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19 rinneadh 50,000 áit bhreise oideachais agus oiliúna a rolladh amach chun tacú le uasoiliúint agus athoiliúint don mhargadh saothair, a raibh scileanna digiteacha mar chuid lárnach díobh, mar aon le fócas ar chláir ghearra, sholúbtha.

Laistigh den chreat uileghabhálach seo, beidh sé ríthábhachtach go mbaineann na hidirghabhálacha seo a gcuspóirí amach maidir le riachtanais scileanna ó dhigitiú a chomhlíonadh, trí ailíniú níos grinne na gcóras ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna lena chinntiú go mbeidh lucht saothair na hÉireann feistithe chun na dúshláin a bhaineann le haistriú digiteach a chomhlíonadh.

Trí **Athbhreithniú ar Straitéis Scileanna an OECD** féachfar lena chinntiú go bhfuil an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus na beartais agus bonneagar chun a cuspóirí a chomhlíonadh ag teacht le tosaíochtaí reatha an Rialtais, lena n-áirítear riachtanais maidir le digitiú agus an margadh saothair.

## 3.3 Tosaíochtaí Beartais Scileanna do Chlaochlú Digiteach na hÉireann

Mar fhreagra ar na héifeachtaí a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, beidh gá le scileanna, inniúlachtaí agus saineolas san áit oibre a nuashonrú ar bhonn reatha le linn an saoil aosaigh. Tríd an bpróiseas seo, déanfar fás nuálaíochta agus táirgiúlachta bunriachtanach i mbonn SME na hÉireann a chur chun cinn, cuirfear le cáilíocht agus inbhuanaitheacht fostaíochta agus ardófar caighdeáin mhaireachtála. Ar bhonn níos leithne, tá leibhéal ard litearthachta digití ag teastáil ar fud na sochaí chun cur ar chumas gach cohórt bheith rannpháirteach san aistriú digiteach agus leas a bhaint as

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Scileanna digiteacha a chur ar fáil trí chóras scileanna atá aclaí agus freagrúil – chun cnuasach cuimsitheach agus idirnasctha freagraí beartais scileanna a chinntiú chun tabhairt faoi na dúshláin, agus an deis a fhíorú maidir le claochlú digiteach na hÉireann.**
Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:

- **Scileanna Digiteacha Ardleibhéil a Chur ar Fáil** trí níos mó conairí agus conairí éagsúla in HE agus FET lena n-áirítear cláir threasacha spriocdhírithe gearr-thimthriallacha, cláir mhodúlacha sholúbtha a fhorbairt, agus micridhintiúirí a fhorbairt tuilleadh;

- **Aistriú i dTreo Córas Oideachais Treasach Aontaithe** a chuimsíonn FET, HE, Taighde agus Nuálaíocht, leathnú deiseanna a chumasú, conairí gan siúnta agus infhostaitheacht agus rannpháirtíocht fiontair a neartú; agus

- **Scileanna Digiteacha a Chur ar Fáil don Mhargadh Saothair ar fad** ar fud gach earnála lena n-áirítear trí foghlaim fad saoil a neadú; forbairt scileanna trasnaí; ceannaireacht agus cumas bainistíochta a fhorbairt; tacú le haistriú oibrithe; ceannaireacht seirbhíse poiblí agus bonn luathchéime.

- **Tá athbhreithniú an OECD ar an Straitéis Scileanna** beartaithe chun gníomhartha ar leith a aithint chun cuidiú le tabhairt faoin dúshlán uasoiliúna agus athoiliúna a bhaineann lenár n-aistriú digiteach

### Scileanna Digiteacha Ardleibhéil a Chur ar Fáil

Is dócha go leanfaidh ar aghaidh an t-athrú ar éileamh saothair i dtreo scileanna digiteacha níos airde agus go n-éireoidh sé níos suntasaí fós. Beidh sé ina thosaíocht na scileanna ar leith nach mór a bhaint amach trí chláir fócasaithe agus shainiúla a aithint. Bainfear é seo amach trí níos mó conairí agus conairí éagsúla a fhorbairt in HE agus FET, agus trí thuiscint nach mór scileanna digiteacha a fhorbairt in éineacht le scileanna trasnaí bunriachtanacha. Trí chláir ghearra sholúbtha modúlacha ina mbaintear amach micridhintiúirí, is féidir oibrithe a spreagadh i lár a ngairme dul i dtaithí ar dhigitiú a bpost nó earnála.

Tá ról lárnach ag earnáil na nOllscoileanna Teicneolaíochta go háirithe toisc go bhfuil sé idirnasctha le tionscal. D'fhéadfadh ionaid barr feabhais nó moil cuidiú le buntacú le haistriú eolais agus comhoibriú le tionscal a neartú. Tá múinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin ag croílár riachtanais scileanna digiteacha ardleibhéil a chomhlíonadh. Trí dhea-chleachtas arna fhianú trí thionscnaimh ar nós an Tionscnamh Caipitil Daonna, cuirfear tairbhí móra ar fáil. Trí rochtain a chinntiú don daonra ar fad in aois oibre, cuideofar leis an lucht saothair éagsúil atá ag teastáil a chruthú.  Teastaíonn athrú cultúir, creataí forbartha agus meicníochtaí chun mná agus gairmithe atá ag filleadh a mhealladh, trí fhorbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chruthaithe atá i bhfeidhm cheana féin.

## Aistriú i dtreo Córas Oideachais Treasach Níos Aontaithe

Tá córas oideachais threasach aontaithe ardchaighdeáin agus ardfheidhmíochta a bhaint amach ina gcuimsítear FET, Ardoideachas, Taighde agus Nuálaíocht ina réamhriachtanas agus cumasóir don mhórathrú atá i gceist leis an soláthar oideachais agus oiliúna a ailíniú le scileanna an lucht saothair a uasghrádú chun an claochlú digiteach a chur chun cinn. Tá sé riachtanach go ngníomhódh an córas treasach ar fad go réamhghníomhach, a bhfuil infheistíocht, athchóiriú agus claochlú suntasach ag teastáil ina leith.

## Scileanna Digiteacha a Chur ar Fáil don Mhargadh Saothair

Chun gníomhú go réamhghníomhach agus go héifeachtach i leith thionchar an digitithe ar an lucht saothair agus ar phoist, beidh infheistíocht á cur san áireamh agus ag teastáil trí úsáid a bhaint as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun:

- **Foghlaim ar feadh an tsaoil a neadú sa lucht saothair** chun uasoiliúint nó athoiliúint a chumasú ar feadh saol oibre iomlán daoine, le fócas ar leith ar oibrithe ar bheagán oiliúna a bhféadfadh sé go mbeadh siad gan chosaint ar an riosca a bhaineann le huathoibriú;
- **Treoir inrochtana, ardchaighdeáin a chur ar fáil** d'oibrithe chun feasacht a ardú ar an tionchar atá ag digitiú ar phoist; agus ar dheiseanna oideachais agus oiliúna;
- **Tús Áite a Thabhairt do Scileanna Trasnaí a Fhorbairt** trínár gcórais oideachais agus foghlaim ar feadh an tsaoil mar aitheantas go mbeidh digitiú ina chúis le héileamh níos mó ar scileanna a chuireann le tascanna is féidir a uathoibriú agus ar scileanna trasnaí barrthábhachtacha;
- **Forbairt a Dhéanamh ar Cheannaireacht agus Acmhainn Láidir Bainistíochta,** agus rannpháirtíocht fostóirí a dhoimhniú agus a leathnú agus comhpháirtíocht páirtithe leasmhara a neartú le go mbeifear in ann an claochlú digiteach a chur i bhfeidhm go rathúil ar fhiontair, eagraíochtaí seirbhíse poiblí agus an geilleagar. Ba chóir leagan amach agus forbairt samhlacha comhroinnte costas, trí níos mó úsáide a bhaint as an gCiste Náisiúnta Oiliúna, a chur san áireamh i gcur chuige dá leithéid;
- **Tacú le hAistriú Oibrithe Leochaileacha agus Buailte** le bheith níos soghluaiste agus inoiriúnaithe ó thaobh gairme de, le go mbeidh siad in ann post a athrú, teacht roimh an riosca maidir le caillteanas post agus leas a bhaint as deiseanna poist nua; agus
- **Ceannaireacht Seirbhíse Poiblí:** D'fhonn uaillmhian na hÉireann bheith ina ceannródaí digiteach a fhíorú, ní mór go mbeadh an tSeirbhís Phoiblí ina eiseamláir. Go háirithe, ní mór go mbeadh cur chuige struchtúrtha agus córasach i leith forbairt an lucht saothair, lena n-áirítear trí phrintíseacht a chur ar fáil, atá dírithe ar an sprioc maidir le riachtanais i leith an chlaochlaithe dhigitigh, bheith mar bhunphrionsabal i samhlacha na Seirbhíse Poiblí amach anseo maidir le foghlaim agus forbairt.
- Scileanna digiteacha ó chéim luath chun **eolas bunúsach láidir** a chinntiú trí chur i bhfeidhm sa churaclam ó luathbhlianta go hiar-bhunscoile agus cláir oideachais do mhúinteoirí.

## 3.4 Tacú le Cuimsitheacht agus leis an tSochaí i gCoitinne

Tá leibhéal cuí scileanna digiteacha don daonra i gcoitinne, chun cur ar chumas gach cohórt gan bheann ar aois nó cúlra páirt a ghlacadh i ndigitiú agus leas a bhaint as, ríthábhachtach maidir le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-aistriú digiteach cuimsitheach agus dearfach don tsochaí i gcoitinne. Is príomhchúram é seo i bPlean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann, le bonneagar agus maoiniú digiteach do scoileanna, ina ndírítear ar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste, agus scileanna digiteacha bunriachtanacha a phríomhshruthú sa soláthar oideachais ar feadh an tsaoil.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Scileanna Digiteacha a chur ar fáil don tSochaí i gcoitinne chun cur ar chumas gach cohórt daoine gníomhú le digitiú agus leas a bhaint as.**

**Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:**

- Ionchur an Chórais Luathbhlianta agus Scoileanna a bharrfheabhsú chun daoine óga a ullmhú, tríd an gcuraclam agus trí Straitéisí saincheaptha.
- Tacú le Scileanna Litearthachta Digiteacha forleathana, lena n-áirítear tríd an Straitéis 10 mbliana um Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil; agus
- Litearthacht sna Meáin a chur chun inn, lena n-áirítear trí Choimisiún nua na Meán.

### Ionchur an Chórais Scoileanna a Bharrfheabhsú

Leag an OECD béim ar an riachtanas go n-ullmhódh an córas scoileanna daoine óga, chun iad a chumasú dul in oiriúint d'athruithe sa mhargadh saothair, agus bheith ina saoránach feasach agus freagrach. Cuirtear béim ar an **tairbhe a bheadh i gceist le comhtháthú níos fearr scileanna digiteacha, agus cleachtais mhúinteoireachta bainteacha, sa seomra ranga.** Tá go leor deiseanna ar fáil maidir le scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt sa churaclam ó luathbhlianta go dtí an tsraith shinsearach. Tá athchóiriú an churaclaim faoi bhealach cheana féin agus trí sin, déanfar cinnte de go mbeidh daoine óga feistithe leis na scileanna agus litearthacht dhigiteach atá ag teastáil chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

**Trí Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna,** cuirfear le dul chun cinn, agus leagfar béim mhór ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha i ngach gníomhaíocht mhúinteoireachta, foghlama agus mheasúnaithe, lena n-áirítear feasacht agus eolas a fhorbairt maidir leis an idirlíon a úsáid ar bhealach sábháilte agus eiticiúil. Bainfear é seo amach trí leanúint den soláthar nascachta digití agus trealaimh i scoileanna a fheabhsú, trí thacú le scoileanna pleanáil agus forbairt acmhainne digití éifeachtach a neadú tuilleadh, agus trí chur le forbairt scileanna múinteoirí chun lucht oibre múinteoireachta atá inniúil agus muiníneach i gcúrsaí digiteacha a chinntiú.

Is léir go bhfuil nasc tábhachtach idir dúshláin bhunúsacha litearthachta agus uimhearthachta agus easpa scileanna digiteacha bunúsacha. Ba é príomhchúram na *Straitéise Náisiúnta: Litearthacht & Uimhearthacht le haghaidh Foghlaim agus an Saol 2011-*

*2020* agus an *tAthbhreithniú Eatramhach 2017* ná caighdeáin mhúinteoireachta agus foghlama a fheabhsú maidir le litearthacht, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus uimhearthacht ó chéim luathbhlianta go céim iar-bhunscoile. Tá **Straitéis nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití do gach foghlaimeoir** á forbairt faoi láthair chun cinneadh an Rialtais a chomhlíonadh go **bhfágfaidh gach duine óg an scoil leis na scileanna digiteacha atá ag teastáil uathu don saol laethúil agus chun staidéir bhreise a dhéanamh.**

## Litearthacht Dhigiteach Fhorleathan a Chinntiú

Agus dlús á chur le leathadh na teicneolaíochta digití ag luas atá níos gasta ná scileanna agus cumas daoine í a úsáid, tá baol ann go bhfágfaí roinnt daoine aonair ar lár. Tá cohóirt níos sine agus grúpa socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste an-leochaileach. Agus iad gan scileanna digiteacha bunúsacha, tá baol ann go bhfágfaí saoránaigh amach as an tsochaí atá ag éirí níos digitithe. Chun cosc a chur ar bhearnaí digiteacha teacht chun cinn nó méadú, tá sé ríthábhachtach na scileanna íosta atá ag teastáil a thuiscint, lena n-áirítear scileanna príobháideachta agus slándála. Ní mór tacú le daoine aonair chun glacadh leis an gclaochlú digiteach ar bhonn gníomhach.

Tá an **Straitéis 10 mbliana um Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil** dírithe ar an mbearna dhigiteach ar fud shochaí na hÉireann a líonadh trí chur le scileanna digiteacha i gcoitinne. Glactar cur chuige uile-Rialtais agus buntacaítear í le fís ar Éirinn ina mbeadh an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach atá riachtanach ag gach aosach chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus lán a gcumais a bhaint amach. **Leis an Straitéis, leagtar síos sprioc chun an sciar daoine fásta in Éirinn nach bhfuil scileanna digiteacha bunúsacha acu a laghdú ó 47% go 20% faoin mbliain 2030.**

Tríd an tionscadal **Pointí Nasctha Leathanbhanda**, le láithreacha a bhfuil teacht ag an bpobal orthu ar fud an Stáit, tá líon **cúrsaí píolótacha maidir le scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach** á gcur ar fáil. Trí oibriú le líon comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach, táthar ag féachaint le huasoiliúint a chur ar fáil ó chéim nach bhfuil aon eolas ag daoine chuig céim ina bhfuil cumas oibríochta ag daoine agus chun tacú le leanaí scoile agus a dteaghlach iniúchadh a dhéanamh ar ábhair STEM agus códú.

Tá an **Líonra Leabharlanna Poiblí** ina **mhol pobail** faoi láthair inar féidir le húsáideoirí acmhainní ar líne a rochtain, tabhairt faoi chúrsaí um oiliúint dhigiteach, foghlaim faoi úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus uirlisí foghlama cruthaithí, nó faisnéise a fháil maidir le seirbhísí an rialtais. Tá breis agus 1,600 ball foirne leabharlainne oilte in úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí nua, agus chun cuidiú leis an bpobal iad a úsáid.

## Litearthacht sna Meáin a Chur chun Cinn

Tá litearthacht sna meáin ina comhpháirt ríthábhachtach de fhreagra na sochaí ar dhigitiú. Tá sé lárnach ó thaobh cumhacht a thabhairt do dhaoine leis na scileanna agus eolas chun tuiscint a fháil faoi mar a oibríonn na meáin i dtimpeallacht atá ag athrú go mear, cruinneas faisnéise a cheistiú, cur i gcoinne léiriú éagothrom agus míchruinn, dearcthaí antoisceacha a cheistiú agus ar deireadh thiar, roghanna níos eolaí a dhéanamh maidir leis na meáin.

D'fhorbair Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) an Líonra Tuiscint ar na Meáin, Éire (MLI) mar chuid dá Bheartas um Litearthacht sna Meáin foriomlán. Tá an MLI ina chumann neamhspleách de chomhaltaí deonacha ar fud réimse páirtithe leasmhara ábhartha, atá dúthrachtach faoi litearthacht sna meáin a chur chun cinn in Éirinn. I measc gníomhaíochtaí an MLI, bhí an ***feachtas BeMediaSmart*** chun feasacht a ardú agus daoine de gach aois a spreagadh 'Stop, Smaoinigh, agus Seiceáil' go bhfuil an fhaisnéis a fheiceann, a léann nó a chloiseann siad ar ardán meán ar bith ina faisnéis iontaofa.

Tiocfaidh an coimisiún nua, **Coimisiún na Meán,** atá le bunú faoin mBille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, i gceannas ar fheidhmeanna an BAI agus déanfar forbairt ar an obair seo maidir le litearthacht sna meáin, nuair a bheidh sé bunaithe. Chomh maith leis sin, beidh róil ag Coimisiún na Meán i ndáil le cosaint leanaí, taighde, oideachas, litearthacht sna meáin, agus tacaíochtaí iriseoireachta agus cruthaitheachta.


# Gné 4

# Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú



# Gné 4 – Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú


Tá an Rialtas dúthrachtach faoi dhlús a chur le Rialtas Digiteach, chun bogadh i dtreo samhla seirbhíse atá níos forásaí agus dírithe níos mó ar úsáideoirí. Tá sé tábhachtach an méadú suntasach ar sholáthar seirbhísí digiteacha le linn na paindéime COVID-19 a threisiú agus forbairt a dhéanamh air chun seirbhís rialtais digiteach, éifeachtúil, cheannródaíoch, iontaofa agus ionchuimsitheach a chruthú. Tá sé ríthábhachtach úsáid níos fearr a bhaint as sonraí chun an caidreamh idir rialtais agus na daoine ar a bhfreastalaíonn siad a neartú. Tá rialachas maith sonraí agus leas éifeachtach a bhaint as sonraí arna gcoinneáil ag an tseirbhís phoiblí d'fhonn rochtain níos fearr agus níos sábháilte ar shonraí agus ar thrédhearcacht maidir lena n-úsáid a chur ar fáil ina ngnéithe bunriachtanacha i dtaca le seirbhísí poiblí níos fearr.



## Gné 4 Spriocanna Foriomlána

Déanfaidh an Rialtas luathú Seirbhísí Rialtais Dhigiteacha a chur chun cinn, trí fhorbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh sna míonna roimh an bpaindéim agus lena linn, chun tabhairt faoi spriocanna uaillmhianacha chun seirbhís dhigiteach atá aitheanta go domhanda trí chomhchruthú lenár bpáirtithe leasmhara. Cuirfidh na seirbhísí seo réitigh dhigiteacha comhsheasmhacha agus comhtháite ar fáil, agus trí thrédhearcacht agus sábháilteacht, cothófar muinín an phobail. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Rialtas leibhéil chianoibre buana níos mó a chur chun cinn ar fud na hearnála poiblí:

- **Trí sheirbhís rialtais dhigiteach cheannródaíoch atá iontaofa, faoi cheannas an úsáideora, iomasach agus éifeachtúil, úsáidfear 90% de sheirbhísí infheidhme ar líne faoin mbliain 2030**
- **Beidh 80% de shaoránaigh incháilithe ag úsáid MyGovID faoin mbliain 2030**
- **Beidh 20% d'fhostaithe san earnáil phoiblí, i gcoláistí, agus i gcomhlachtaí poiblí eile ag obair sa bhaile agus ó chian (i ndiaidh na paindéime)**




## 4.1 Seirbhísí Rialtais Dhigiteacha

Tá saoránaigh ag iarraidh agus ag súil lena seirbhísí poiblí bheith chomh pearsantaithe agus freagrúil céanna leis na seirbhísí a fhaigheann siad ón earnáil phríobháideach.

In 2017, chuir an Fóram Eacnamaíoch Domhanda i leith rialtais go raibh siad ar na "dineasáir den ré dhigiteach: mall, spadánta agus seanchaite[3]"; agus é seo i ndiaidh a aithint ina nInnéacs um Ullmhacht Líonra 2016[4][5] go raibh an bhearna ag méadú idir fás in úsáid TFC ag daoine aonair agus rannpháirtíocht an rialtais sa gheilleagar digiteach.

Le cúig bliana anuas, tugadh céim shuntasach chun cinn maidir le soláthar ríomhsheirbhísí Rialtais in Éirinn, le glacadh seasta ó thaobh úsáid seirbhísí de, a mhéadaigh go mór le linn na paindéime COVID-19. Trí uirlisí agus seirbhísí ar líne, cuireadh ar chumas an Rialtais, riachtanais daoine a chomhlíonadh go digiteach, gan bheann ar aois ná cumas.

Ina theannta sin, trí chruthúnas digiteach maidir le vacsaíniú, téarnamh agus/nó tástálacha diúltacha do COVID-19 chun críocha taistil agus fáilteachais, cuireadh an deis ar fáil don Rialtas a thaispeáint do dhaoine an bealach ina bhféadfaidís a dtaifead "rialtais" a úsáid go pearsanta, sa chás seo, trí Dheimhnithe Digiteacha COVID-19 (DCCanna) a chruthú. Gan amhras, ní hamháin gur chuir an Rialtas ceann de na córais DCC is éifeachtaí san Eoraip ar fáil dóibh sin a fuair vacsaín in Éirinn, ach cuireadh seirbhís ghaolmhar a raibh an-tóir uirthi ar fáil freisin do shaoránaigh de chuid na hÉireann a fuair vacsaín thar lear[6].

**Trí na héachtaí seo, cuirtear bonn daingean ar fáil le haghaidh samhla seirbhíse níos forásaí agus níos dírithe ar úsáideoirí,** leis an éabhlóidiú ó ríomhsheirbhísí Rialtais, ina ndéantar seirbhísí agus próisis láimhe reatha a ríomhairiú, chuig rialtas digiteach, ina ndéantar seirbhísí a athshamhlú agus a fhorbairt bunaithe ar thuiscint níos fearr ar aistir agus roghanna úsáideoirí.

Tá na huaillmhianta seo i gcomhréir le pleananna an AE don Deacáid Dhigiteach, a bhfuil sé i gceist leo an saol daonlathach agus seirbhísí poiblí bheith ar líne faoin mbliain 2030, sa leagan amach is fearr atá inrochtana go hiomlán lena gcuirtear ar fáil seirbhísí agus uirlisí atá éasca a úsáid, éifeachtúil agus pearsantaithe le hardchaighdeáin slándála agus príobháideachta. Ar deireadh thiar, breathnaíonn an AE ar

3 WEF_White_Paper_Future_of_Government_Council.pdf (weforum.org)

4 Global Information Technology Report 2016 - Reports - World Economic Forum (weforum.org)

6 A thug cúnamh do bhreis agus 40,000 duine sa bhliain 2021.

theicneolaíocht bheith mar bhonn agus mar thaca ag córais iompair chliste ilmhódacha, práinnfhreagairtí éigeandála ar thimpistí, réitigh bainistithe dramhaíola níos spriocdhírithe, bainistiú tráchta, pleanáil uirbeach, réitigh cliste fuinnimh agus soilsithe, córais ceartais chomhaimseartha agus éifeachtúla, agus ar deireadh thiar, cathracha agus sráidbhailte "cliste".

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú nach bhfágfar cohóirt aonair den tsochaí ar lár de réir mar a chuirimid dlús le seirbhísí digiteacha. Teastaíonn fócas ar scileanna digiteacha bunúsacha agus bonneagar forleathan ina leith sin, mar aon le tús áite a thabhairt do chur chuige atá dírithe ar úsáideoirí maidir le seirbhísí poiblí digiteacha, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha cuidithe nuair is cuí.




## Dul chun cinn in Éirinn

Rinneadh dul chun cinn mór maidir le dea-chleachtas i Rialtas Digiteach a léiriú:

- Cumarsáid níos fearr agus níos simplí trí na meáin shóisialta agus tríd an láithreán gréasáin Gov.ie , atá ar cheann de na láithreáin ghréasáin is mó a dtugtar cuairt air in Éirinn;
- Cuireadh níos mó seirbhísí ar fáil trí úsáid a bhaint as logáil isteach agus samhail aitheanta rannpháirtí caighdeánaithe, **MyGovID,** ar trí sin a raibh ár eID ar cheann de na cinn is tapúla ó thaobh fáis de, ó thaobh glacadh agus úsáide de, ar domhan;
- Cumasaíodh níos mó seirbhísí trí theicneolaíocht theileafóin phóca;
- Tá an Rialtas i mbun sonraí a chomhroinnt níos mó, trédhearcacht a mhéadú & dúbláil a sheachaint; agus
- I mbun gach córas nua a leagan amach de réir prionsabail láidre slándála agus príobháideachta.

Is dea-chomhartha dár n-uaillmhianta na tairbhí seo, mar aon leis an bhfreagra trí réitigh dhigiteacha a bhfuil dlús curtha leis maidir le seirbhísí agus faisnéis a chur ar fáil go leanúnach i rith na paindéime.

## Dul chun cinn maidir le COVID-19 agus Ríomhshláinte

Tá an timpeallacht TFC lena dtacaítear le seirbhísí sláinte in Éirinn ar an timpeallacht is mó dá leithéid sa Stát, agus seirbhísí 24/7 a gcur ar fáil do bhreis agus 70,000 úsáideoir deiridh ar fud 2,000 córas agus feidhmchlár atá fite fuaite ina chéile. Chomh maith leis sin, réitíonn an Deasc Seirbhíse Náisiúnta thart ar 500,000 glaoch ar thacaíocht in aghaidh na bliana.

In ainneoin chastacht na timpeallachta oibriúcháin cúraim sláinte, réitigh an phaindéim COVID-19 an bealach chun úsáid a bhaint as sláinte dhigiteach nuálaíoch, cúram/obair ó chian, agus réitigh róbataic chun baill foirne a chosaint agus cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil cúram á dhéanamh dóibh sa bhaile. Trí theicneolaíochtaí digiteacha, is féidir saoránaigh a chumhachtú monatóireacht a dhéanamh ar a stádas sláinte, a stíl mhaireachtála a chur in oiriúint, tacú le maireachtáil neamhspleách, galair neamhthógálacha a chosc, agus éifeachtúlacht a chur ar fáil do sholáthraithe sláinte agus cúraim agus córais sláinte.

Mar gheall ar an bpaindéim, cuireadh deis ar fáil an méid is féidir a dhéanamh go gasta a léiriú, trí dhá chóras mhóra a chur ar fáil a d'fhreastail ar gach saoránach in Éirinn, is iad sin an córas náisiúnta um rianú teagmhálaithe agus an córas náisiúnta vacsaínithe. Tríd an dá chóras seo, den chéad uair, d'fhorbair an tseirbhís sláinte in Éirinn caidreamh díreach le gach saoránach sa tír. Roimh an bpaindéim, ní raibh an caidreamh seo ach idir an t-othar agus an tsaoráid chúraim sláinte a ndeachaigh siad i dteagmháil leo. Tríd an bhfreagra digiteach ar an bpaindéim, cuirtear ceap lainseála ar fáil do Ríomhshláinte amach anseo, mar aon le samhail fhéideartha don bhealach ina bhféadfaí na córais nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go gasta, mar chuid de chóras aclaí agus solúbtha.

Áirítear le Plean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann maoiniú suntasach chun infheistíocht a dhéanamh i réitigh Ríomhshláinte phobalbhunaithe, Ríomhchógaistíocht agus córas náisiúnta bainistithe airgeadais. Tacaíonn gach infheistíocht le huaillmhianta straitéiseacha an chórais sláinte a spleáchas ar an earnáil ospidéil géarthinnis a laghdú agus daoine bheith in ann cúram a fháil níos gaire don bhaile; athchóiriú a dhéanamh ar an tseirbhís sláinte trí shonraí a chumasú 'an t-othar a leanúint'; agus cumas na seirbhíse slainte a fheabhsú chun bainistiú a dhéanamh ar acmhainní a leithdháiltear uirthi trí bhuiséid leanúnacha.

Tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta athnuaite (NDP), tacófar le soláthar seirbhísí sláinte digiteacha; feabhsú maidir le bonneagar agus cibearshlándáil ríthábhachtach; agus éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairtí Ríomhshláinte agus TFC nua agus atá ag teacht chun cinn laistigh den amscála forfheidhmithe 10 mbliana; agus tá sé tacaithe i dtuarascáil  Sláintecare agus sa Straitéis Ríomhshláinte. Rinneadh dul chun cinn suntasach i Ríomhshláinte agus TFC in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis na hathchóirithe cúraim sláinte faoi Sláintecare agus tacaithe ag infheistíocht leanúnach faoin NDP. Ar na nithe insoláthartha barrthábhachtacha, áiríodh glacadh níos mó leis na huimhreacha PPS ar fud na gcóras sláinte agus cur i bhfeidhm ghaolmhar an aitheantóra sláinte don duine aonair mar fhreagra ar an bpaindéim; córais taifead leictreonanach d'othair agus córais chorparáideacha; agus bonneagar teicniúil a nuachóiriú agus a fheabhsú.

Ag breathnú chun cinn i dtreo 2022-2025 agus ina dhiaidh sin, trí chórais bharrthábhachtacha laistigh de sheirbhísí géarthinnis agus pobail a fhorbairt tuilleadh, ar nós oideasú leictreonach, eHR, taifead cúraim chomhroinnte, an Córas Náisiúnta Íomháithe Leighis, an Córas Riaracháin d'Othair iPMS agus an Córas Bainistithe Cliniciúil Máthartha agus Naonán Nuabheirthe, tacófar tuilleadh le cúram comhtháite d'othair. Chomh maith leis sin, trí chórais a cur i bhfeidhm ar nós an Chórais Bainistithe Airgeadais Comhtháite, cuirfear éifeachtúlacht airgeadais agus soláthair ar fáil.

Chomh maith leis sin, tá infheistíocht chomhlántach i mbonneagar ríthábhachtach ag teastáil chun an bonneagar reatha a nuachóiriú d'fhonn feidhmíocht agus freagrúlacht a fheabhsú, agus chun rioscaí a bhaineann le cibirionsaí a sheachaint agus a laghdú. Ta cibirionsaithe ag éirí níos sofaisticiúla agus ina n-ábhar imní atá ag dul i méid, go háirithe maidir le heagraíochtaí atá páirteach i seirbhísí airgeadais agus sláinte a chur ar fáil. Is ábhar imní ar leith é seo i bhfianaise an chibirionsaithe leitheadaigh a rinneadh ar an tseirbhís sláinte i mí na Bealtaine

## Treochlár do Sheirbhís Phoiblí Dhigiteach

Chun forbairt a dhéanamh ar dhul chun cinn a baineadh amach cheana féin, thug an Rialtas a ndúshlán don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne sa bhliain 2021 *"bheith níos aclaí ó thaobh na teicneolaíochta digití de agus seirbhís nuálach atá níos dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil… d'fhonn an tacaíocht is fearr a thabhairt do shochaí agus geilleagar na hÉireann sa lá atá inniu ann agus amach anseo"*[7].

Dá bharr sin, beidh an chéad chúpla bliain eile dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar dhúshraith láidir agus ar **sheirbhís rialtais digiteach atá ar thús cadhnaíochta sa domhan atá iontaofa, dírithe ar úsáideoirí, iomasach, ionchuimsitheach agus éifeachtúil a chruthú, ina mbaintear úsáid as 90% de na seirbhísí is infheidhme ar líne.**

Áirítear leis na príomhphrionsabail go mbeadh gach páirtí leasmhara, an pobal san áireamh, rannpháirteach i gcomhchruthú ár seirbhísí digiteacha ionas go gcomhlíonann siad riachtanais sochaí atá ag éirí níos éagsúla ar bhealach sábháilte agus dírithe ar phríobháideachas, agus athúsáid sonraí agus réitigh cibé áit is féidir a uasmhéadú.

Tá struchtúir á bhforbairt trínar féidir leis an tseirbhís phoiblí oibriú ar bhealach níos dlúithe le tionscal, an saol acadúil agus an pobal chun seirbhísí poiblí eiseamláireacha a fhorbairt; ní féidir ach cuidiú le torthaí dearfacha a bhaint amach ár bpaisean agus tallann a thabhairt le chéile.

Trínár dtairiscintí digiteacha a fhorbairt bunaithe ar riachtanais ár ndaoine, déanfar éascaíocht ar níos mó daoine bheith ag glacadh le seirbhísí rialtais digiteacha, a chuideoidh linn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ár sprice de 90% de na seirbhísí is infheidhme bheith á n-úsáid ar líne faoin mbliain 2030. Chomh maith leis sin, trí aistriú méadaithe chuig seirbhísí digiteacha, déanfar éascaíocht ar **acmhainní a scaoileadh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine a d'fhéadfadh bheith ag streachailt le teicneolaíocht, agus/nó nach mbeadh in ann gníomhú go neamhspleách ar líne.** Áirítear leis sin tacú le cohóirt dá leithéid gníomhú trí **sholáthar scileanna agus bonneagar digiteach, agus trí thacaíochtaí dírithe freisin ar nós cuir chuige digiteacha cuidithe,** inar féidir le daoine aonair an cúnamh atá ag teastáil uathu a fháil chun iad a chumasú a muinín agus cumas in idirbhearta digiteacha a mhéadú le himeacht ama. Cuirfear leis seo tuilleadh trí roghanna neamhdhigiteacha comhlántacha, nuair atá sé níos oiriúnaí. Cuid thábhacht de chur chuige ionchuimsitheach inar féidir le gach duine leas a bhaint as is ea eispéireas duine le duine níos fearr a chruthú do na daoine is mó a dteastaíonn sé uathu agus feabhas a chur ar na hamanna agus láithreacha ina mbeidh na seirbhísí seo ar fáil. Cumasóir tábhachtach i gcónaí is ea muinín an phobail i sábháilteacht, trédhearcacht agus an luach atá le réitigh dhigiteacha a chothú.

Táimid eolach freisin gur minic a bhíonn idirghníomhaíochtaí le roinnt comhlachtaí seirbhíse poiblí ag teastáil i leith eachtraí aonair, go háirithe breitheanna agus básanna. Trí Rialtas Digiteach, ba chóir go mbeadh seirbhís níos comhtháite agus níos comhleanúnaí ar fáil dár ndaoine.

7 https://www.gov.ie/en/publication/efd7f-civil-service-renewal-2030/

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

- **Digitiú breise a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí, agus leas á bhaint as an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na paindéime, le béim ar leith á leagan ar an gcóras sláinte agus scoileanna.**
- Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:
- **Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030** a chur i bhfeidhm;
- Na chéad leaganacha de **Thairseach nua Eachtraí Saoil a chur ar fáil; agus**
- Forbairt a dhéanamh ar uaillmhianta sláinte digití an AE don bhliain 2030 agus ar nuálaíochtaí a baineadh amach mar fhreagra ar an bPaindéim COVID-19, **Straitéis Ríomhshláinte a athbhreithniú agus a chur ar fáil faoin mbliain 2030;**
- Gealltanais dhigiteacha an Rialtais a chomhlíonadh faoi **Phlean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann (NRRP) chuig luach iomlán €291 milliún; agus**
- **A chinntiú go bhfreastalaíonn an Rialtas níos fearr ar na cohóirt sin nach bhfuil in ann gníomhú ar líne trí phlean soiléir** a mbeidh tacaíochtaí dírithe i gceist leis, lena n-áirítear scileanna agus bonneagar, agus saoráidí digiteacha cuidithe atá cosanta trí thoilithe agus prótacail chuí.

**Áirítear leis an obair seo, agus le cur i bhfeidhm Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030:**

- **An coincheap 'An Rialtas mar Ardán' a chur chun cinn ar fud Seirbhísí Poiblí** chun cuir chuige a chaighdeánú, athúsáid seachas athchruthú/athbhailiú, agus eispéireas níos comhionainne a chur ar fáil do chustaiméirí ar fud an rialtais; lena n-airítear cinnte a dhéanamh de go bhforbraítear na seirbhísí nua ar fad le MyGovID (nó UBI) agus Éirchóid, de réir mar is infheidhme;
- Tríd an **mBord um Rialachas Sonraí** nuachruthaithe, cur i bhfeidhm an **phrionsabail "aon uair amháin"** a chur chun cinn tuilleadh maidir le faisnéis a bhailiú agus a úsáid agus tairseach d'úsáideoirí a fhorbairt chun muinín agus trédhearcacht a fhorbairt maidir leis an mbealach a úsáidimid sonraí;
- Tuilleadh smachta a thabhairt don úsáideoir ar a acmhainní sonraí trí **dhintiúir dhigiteacha a chumasú** (e.g. ceadúnais tiomána) a bheith in-íoslódáilte agus inúsáidte ar ghairis phearsanta;
- **Cur chuige 'néal-dhírithe'** a ghlacadh maidir le gach seirbhís a chur ar fáil;
- A chinntiú go ndéantar gach seirbhís phoiblí a fhorbairt le himeacht ama trí úsáid a bhaint as **smaointeoireacht deartha, tús áite ag digitiú, dírithe ar phríobháideacht, agus slándáil trí dhearadh mar chroíphrionsabail;**
- Leanúint de **chultúr láidir nuálaíochta sa tseirbhís phoiblí a spreagadh** agus cur leis an infheistíocht, scileanna agus tacaíocht atá riachtanach;
- **Cur i bhfeidhm na tuarascála GovTech Cruinniú,** a chur chun cinn chun é bheith níos éasca ag Gnólachtaí Nuathionscanta agus SMEnna oibriú leis an Rialtas chur seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú;
- Úsáid a bhaint as an bpróiseas soláthair phoiblí chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus SMEnna nuálacha digiteacha;

- Leanúint i mbun dlús a chur le **clárú vótálaithe ar líne a rolladh amach;**
- Cur chuige níos struchtúrtha a chruthú maidir le **cathracha agus sráidbhailte CLISTE a fhorbairt;**
- Dlús a chur leis an aistriú chuig **próiseáil dhigiteach a dhéanamh ar iarratais víosa** do gach iarratasóir agus **cur leis na próisis ceadanna fostaíochta** do thallann cáilithe domhanda atá ag cuardach fostaíochta in Éirinn; agus

Forbairt a dhéanamh ar an rath a bhí ar Gov.ie trí **na chéad leaganacha de Thairseach nua Eachtraí Saoil a chur ar fáil,** lena n-áireofar clárú breitheanna agus básanna, filleadh ar Éirinn agus gnó a chur ar bun, trí sin a úsáidtear faisnéis go réamhghníomhach chun freastal ar riachtanais daoine.

**Áirítear le gealltanais dhigiteacha sa Phlean Téarnaimh agus Acmhainneachta Náisiúnta na hÉireann agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta:**

- **Réitigh fiúntacha i seirbhísí Ríomhshláinte agus sláinte digití** a fhorbairt. **Beidh soláthar céimnithe córas taifead sláinte leictreonacha, úsáid a bhaint as aitheantóirí sláinte chun taifid a chruthú atá uathúil do gach aon othar, Ríomhchógaisíocht agus Ríomhoideasú, taifid chúraim achoimre/comhroinnte, teilileigheas agus réitigh do mhonatóireacht cúraim ó chian i gceist leis sin.** Cuideoidh na tionscnaimh seo, in éineacht le hinfheistíocht i mbonneagar bunúsach agus córais náisiúnta chun claochlú agus athchóiriú na seirbhíse sláinte in Éirinn a chumasú, lenár spleáchas ar ospidéil ghéarthinnis a laghdú. Chomh maith leis sin, tabharfar cumhacht do shaoránaigh monatóireacht a dhéanamh ar a stádas sláinte, a stíl mhaireachtála a chur in oiriúint agus tacú le maireachtáil neamhspleách agus cuirfear ar chumas daoine cúram a fháil níos gaire don bhaile;

- **An lucht saothair cúraim sláinte a chumasú go digiteach** le go mbeidh teacht acu ar theicneolaíocht chomhaimseartha, atá oiriúnach don fheidhm, ionas gur féidir leo am a shábháil, sonraí níos fearr a thaifeadadh agus cúram níos fearr a thabhairt dá n-othair. Maidir le baill foirne tacaíochta, cuirfear le héifeachtúlacht trí uirlisí ar nós an **córas comhtháite bainistithe airgeadais** a chur ar fáil;

- **Ionad Comhroinnte Sonraí Rialtais** a fhorbairt chun saoráidí Ionaid Sonraí ardchaighdeáin a chur ar fáil, ar trí chur le tairiscintí néil an phobail, atá oiriúnach don fheidhm agus inniúil maidir le riachtanais an Rialtais a chomhlíonadh sa lá atá inniu ann agus amach anseo;

- **Rogha Freagartha ar Líne don Daonáireamh a chur ar fáil faoin mbliain 2026,** chun sonraí níos tráthúla agus níos fearr a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi bheartas a dhéanamh.

- **Fócas níos láidre ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna,** lena n-áirítear trí Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna (atá le cur ar fáil i dtús na bliana-2022), a chuirfidh le héachtaí a baineadh amach go dtí seo agus a dhéanfaidh forbairt orthu, chun forbairt agus tacaíocht do scileanna digiteacha inár ndaonra daltaí a chur chun cinn; agus

- **Clár €64 milliún do bhonneagar digiteach do scoileanna** lena n-áirítear nascacht leathanbhanda ardluais do suas le 1,100 bunscoil, scéim deontais chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais mar gheall ar easpa rochtana ar theicneolaíocht, mar aon le clár ríomhaire glúine do 20,000 mac léinn FET agus HE faoi mhíbhuntáiste.

Dé réir mar a dhéanann Éire dul chun cinn i treo na sprice 90% de sheirbhísí is infheidhme bheith á n-úsáid ar líne faoin mbliain 2030, **cinnteoidh an Rialtas go ndéanfar freastal níos fearr ar na cohóirt sin nach bhfuil in ann gníomhú ar líne trí phlean soiléir** a mbeidh tacaíochtaí dírithe, lena n-áirítear scileanna, bonneagar, agus tacaíochtaí digiteacha cuidithe i gceist leo, agus na cainéil soláthair seirbhísí is iomchuí, agus forbairt toilithe agus prótacail chuí agus shoiléire á gcur san áireamh.

## 4.2 Úsáid agus Rialachas Sonraí

Aithníonn agus tacaíonn an Rialtas le seasamh Choimisiún an AE nach amhlaidh amháin go bhfuil sreabhadh saor sonraí ar fud earnálacha agus teorainneacha taobh thiar de Sheirbhísí Poiblí níos fearr ach gur féidir leis taighde agus nuálaíocht, an earnáil tráchtála, agus oiliúint córas IS a chur chun cinn chun tairbhe a dhéanamh d'earnálacha ar nós na hearnálacha Sláinte, Iompair, Comhshaoil agus Talmhaíochta.

**I ndiaidh Acht um Rialachas Sonraí ón AE** atá faoi chaibidlíocht faoi láthair, a thrasuí in Éirinn, cuirfear an creat rialála i bhfeidhm chun muinín a fhorbairt maidir le sonraí íogaire a roinnt, sásraí a neartú chun infhaighteacht sonraí a mhéadú agus bacainní teicniúla maidir le sonraí a athúsáid a shárú. Tríd an **Treoir maidir le Sonraí Oscailte,** a trasuíodh sa dlí i mí Iúil 2021, bronntar an ceart ar dhuine aonair faisnéis a choinníonn comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear sonraí rialtais ardluacha i leagan amach oscailte, a athúsáid.

Tá sé seo i gcomhréir le **Straitéis maidir le Sonraí Oscailte 2017-2022** an Rialtais, leis na croíchuspóirí chun:

- Foilsiú sonraí rialtais ardluacha i leagan amach oscailte a mhéadú, le go mbeidh teacht ag an bpobal orthu agus in-athúsáidte gan srian; agus

- Dul i dteagmháil le pobal leathan páirtithe leasmhara chun na tairbhí sóisialta agus geilleagracha a bhaineann leo agus a n-athúsáid a chur chun cinn;

Tá an cur chuige comhtháite i leith **sonraí Seirbhísí Poiblí de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis maidir le Sonraí Seirbhíse Poiblí 2019-2023** ailínithe go maith leis an **rialachán um Rialachas Sonraí sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí a Rialú.**

Faoi láthair, tá an Rialtas i mbun cur i bhfeidhm **Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí** na hÉireann a chur chun cinn, atá leagtha amach chun príobháideacht saoránach a chosaint trí chreat forordaitheach a chur ar bun sa reachtaíocht maidir le rialachas, maoirseacht agus trédhearcacht i ndáil le próiseáil sonraí laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Tríd seo, beidh an tSeirbhís Phoiblí feistithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar iarrataí ar shonraí. Cinnteofar freisin go dtuigfidh an pobal an cuspóir, an bealach agus an t-údar atá leis nuair a roinntear a sonraí, ar trí sin a choinnítear muinín san úsáid a bhaineann an Rialtas as digitiú agus sonraí.

Bunaíodh **Bord um Rialachas Sonraí** chun rialachas sonraí a threorú, a mhaoirsiú agus a chur chun cinn ar fud na Seirbhíse Poiblí. Trí rialachas maith sonraí, cinnteoidh Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí go bhfuil a sonraí cruinn, comhsheasmhach, iomlán, ar fáil, inaimsithe agus sábháilte.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht agus luach atá ar shonraí arna gcoinneáil ag an tseirbhís phoiblí, Straitéis Dhigiteach don tSeirbhís Phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena chinntiú go mbaintear leas agus úsáid as sonraí dá leithéid ar bhealach sábháilte agus éifeachtach.**

Díreofar é seo ar:

- **Seirbhísí Poiblí a Fheabhsú** trí struchtúir a chur i bhfeidhm chun athúsáid sonraí níos mó agus níos fearr a bhaint amach;
- **Rochtain níos fearr** ar a gcuid sonraí agus ar thrédhearcacht a n-úsáide a chur ar fáil do dhaoine aonair;
- **Comhroinnt sonraí níos fearr a chur chun cinn chun soláthar seirbhísí a chuíchóiriú**; agus
- Cur leis an **réimse tacar sonraí a fhoilsítear**, chun léargais a chruthú do bheartas agus taighde poiblí.

# Cur i bhFeidhm:

## Cur chuige Comhordaithe do Bheartas agus Rialú Digiteach



# Cur i bhFeidhm: Cur Chuige Comhordaithe do Bheartas agus Rialú Digiteach

Mar gheall ar na gnéithe a bhaineann leis, fágann digitiú a lorg ar fud réimsí geilleagracha agus beartais shóisialta. Aidhm lárnach den Straitéis is ea straitéis agus pleananna barrthábhachtacha a thabhairt le chéile ar fud an Rialtais, d'fhonn cur chuige beartais comhleanúnach agus comhtháite a chur ar fáil, ina neartaíonn gnéithe digiteacha éagsúla a chéile chun tairbhí a uasmhéadú, agus éascaíocht a dhéanamh ar fho-straitéisí earnála.

Gné lárnach is ea struchtúr rialachais comhleanúnach agus creat rialála nua-aimseartha, comhtháite a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige. Ní féidir na tairbhí digiteacha ollmhóra ar fud na sochaí agus an gheilleagair a bhaint amach ach trí athchóiriú, maoirseacht agus cosaintí cuí. Gnéithe ríthábhachtacha is ea comhoibriú, ceannaireacht pholaitíochta agus rannphháirtíocht páirtithe leasmhara.

Tabharfaidh Éire níos mó ceannaireachta, agus beidh tionchar níos mó aici ag leibhéal an AE, mar aon le bheith go láidir ar son **creat rialála optamach don gheilleagar digiteach agus don tsochaí i gcoitinne.** Beidh orainn tionchar a imirt ar idirbheartaíocht go réamhghníomhach, agus cur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú ar fud réimse leathan tograí digiteacha nua agus atá ag teacht chun cinn. Beidh sé riachtanach cothromaíocht a aimsiú go cúramach idir sábháilteacht saoránach, nuálaíocht, muinín, agus cothrom na Féinne, mar aon le creat rialála aclaí agus inoibrithe a chur san áireamh. Ní mór go mbeadh rialú ina rialú atá tomhaiste, intuigthe, infheidhmithe agus éifeachtach. Tá na haidhmeanna seo ag teacht le huaillmhian na hÉireann bheith ina **hionad barr feabhais maidir le rialú** san Eoraip ina bhfuil infheistíochtaí tionscail agus tomhaltóirí Eorpacha ina mbuaiteoirí araon.

Tabharfaidh Éire faoi chur chuige i leith digitiú atá bunaithe ar eitic agus cearta, lena chinntiú nach bhfágtar cuid ar bith den tsochaí nó den gheilleagar ar lár. Áireofar leis sin ról gníomhach agus dearfach a bheith againn maidir le Dearbhú AE a fhorbairt ar shraith Prionsabal Digiteach, agus labhairt go láidir ar son prionsabail ionchuimsitheacha ar nós nascacht iontaofa agus inacmhainne a chumhdach; timpeallacht ar líne atá oscailte, cothrom, sábháilte agus iontaofa; leanaí agus daoine óga sa spás ar líne a chosaint agus a chumhachtú; seirbhísí poiblí agus riaracháin dhigiteacha atá inrochtana agus dírithe ar dhaoine agus teacht a bheith ar sheirbhísí sláinte digiteacha. Chomh maith leis sin, imreoidh Éire tionchar ar rialacháin dhigiteacha AE atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an Rialachán IS, d'fhonn cur chuige eiticiúil agus cur chuige atá dírithe ar dhaoine a cinntiú.

De réir mar a éiríonn an tírdhreach digiteach níos casta, go háirithe i gcomhthéacs na gné cothrománaí a bhaineann le digitiú, beidh sé níos tábhachtaí ná riamh a chinntiú go bhfuil creat rialála comhleanúnach ag Éirinn. Tá an tírdhreach reatha ina thírdhreach lán de ghníomhaireachtaí náisiúnta éagsúla agus d'fhorbairtí agus rialacháin AE atá ag méadú. Agus rialacháin ag éirí níos crosghearrthaí, tá tuilleadh comhoibriú ag teastáil ar fud Ranna, rialálaithe náisiúnta, rialálaithe Ballstát eile agus an Choimisiúin Eorpaigh.

Táthar ag súil go mbeidh forbairtí reachtaíochta agus rialála mar chuid de Straitéis an AE um an Margadh Aonair Digiteach, agus mar chuid den straitéis ina dhiaidh sin *Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú*, ina gcúis le líon rialachán digiteach athbhreithnithe agus breise. In aghaidh an chúlra sin, tá comhleanúnachas agus comhoibriú níos fearr ag teastáil ar fud speictream iomlán réimsí freagrachta agus rialaithe digiteacha na hÉireann. Tá an Rialtas tiomanta do rannpháirtíocht rialta níos struchtúrtha idir Rialálaithe agus Ranna Rialtais maidir le dúshláin rialála digiteacha reatha agus atá ag teacht chun cinn.

## Sruth oibre & nithe insoláthartha gaolmhara:

**Tá Éire dúthrachtach faoi chóras rialála digiteach nua-aimseartha, comhleanúnach agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige a chur ar fáil i gcónaí, lena n-áirítear trí:**

- **Rialálaithe éifeachtacha ardoilte a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu** lena n-áirítear an Coimisiún um Chosaint Sonraí, Coimisiún nua na Meán, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, agus an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ainmnithe; áirítear leis seo gealltanas chun:
    - Coimisiún nua na Meán a chur ar bun ar bhonn riaracháin, chomh luath agus is féidir sa bhliain 2022;
    - Rialálaí a ainmniú, in R1 2022, chun gníomhú mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha atá le teacht gan mhoill; agus
    - Gníomhú i leith rialacháin nua ón AE de réir mar a thagann siad chun cinn agus iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Oibriú chun **comhleanúnachas struchtúir dhigiteacha agus rialála a uasmhéadú, agus tacú le creat comhoibrithe rialála níos leithne** chun soiléire, comhleanúnachas agus comhoibriú níos fearr a chur chun cinn; áirítear leis sin:
    - Rannpháirtíocht fhoirmiúil agus struchtúrtha idir an Gasra Oifigeach Sinsearach um Shaincheisteanna Digiteacha agus an Líonra Rialálaithe Geilleagracha maidir le saincheisteanna digiteacha; agus
    - Rannpháirtíocht idir an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála agus rialálaithe earnála ábhartha chun breithniú a dhéanamh ar mhaoirsiú a dhéanamh ar chibearshlándáil amach anseo faoin Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise ón AE.
- **Labhairt go láidir san Eoraip ar son cur chuige cothrom i ndáil le rialú** i réimsí ar nós sonraí, margaí digiteacha, seirbhísí digiteacha, cibearshlándáil agus IS, trí shaineolas agus taithí na hÉireann a chur ar fáil.

**Áirítear leis sin:**

- Rialú éifeachtach ar **chosaint sonraí** a chur ar fáil agus cearta príobháideachta shaoránaigh an AE a chosaint. Tá creat rialála láidir ag Éirinn ina ndírítear ar chearta gach aon ábhair shonraí agus ina gcosnaítear iad. **Coinníonn an Rialtas cur ar fáil acmhainní don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi athbhreithniú leanúnach, agus déanfaidh sé cinnte de go mbeidh na hacmhainní agus uirlisí aige i gcónaí atá ag teastáil chun a hoibleagáidí tábhachtacha reachtúla a chomhlíonadh;**

  Leanann an Roinn Dlí agus Cirt, i gcomhar leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, de mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), an tionchar a bheadh ag aon athruithe rialála ar fud na hEorpa amach anseo, athruithe laistigh de thionscal mar aon le haistriú na hÉireann i dtreo todhchaí níos digitithe lena chinntiú go leantar d'acmhainní cuí a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí;

- **Coimisiún na Meán** nua a bhunú faoin **mBille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán,** Údarás Craolacháin na hÉireann a dhíscaoileadh, creata rialála a chur ar bun do shábháilteacht ar líne agus chun seirbhísí meán closamhairc a rialú, agus Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc athbhreithnithe a thrasuí. Beidh cruthú **Coimisinéir nua um Shábháilteacht ar Líne** ina ghné thábhachtach d'obair Choimisiún na Meán, a dhéanfaidh maoirseacht ar an gcreat rialála maidir le sábháilteacht ar líne. Ceapfaidh an Coimisinéir nua cóid cheangailteacha maidir le sábháilteacht ar líne ina leagtar amach conas mar a bhfuiltear ag súil go ndéileálfaidh seirbhísí rialaithe ar líne, lena n-áirítear seirbhísí meán sóisialta áirithe, le catagóirí sonracha d'ábhar dochrach ar líne ar a n-ardáin. **Tuigeann an Rialtas an tábhacht atá leis an obair seo agus tá sé dúthrachtach faoi fhoráil a dhéanamh do Choimisiún na Meán a chur ar bun ar bhonn riaracháin chomh luath agus is féidir sa bhliain 2022;**

- Chomh maith leis sin, beidh bunú Choimisiún na Meán ar bhonn riaracháin ina chéim thábhachtach maidir le rialú a fheabhsú agus chomhleanúnachas a fheabhsú maidir le beartas a chur i bhfeidhm i ndáil leis na freagrachtaí breise a bhfuiltear ag súil iad a thabhairt don Choimisiún de thoradh na **moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán;**

- Rialálaí na hÉireann a ainmniú in R1 2022 – chun gníomhú mar **Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha** (DSC) – faoin **Acht um Sheirbhísí Digiteacha** atá ag teacht gan mhoill, a bhfuil sé mar aidhm leis spás digiteach níos sábháilte a chruthú ina gcosnaítear cearta bunúsacha gach úsáideora seirbhísí digiteacha. **Cinnteoidh an Rialtas go mbeidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha atá láidir agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar an Acht agus é a fhorfheidhmiú;**

- Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach údarás inniúil ar a bhfuil freagracht maidir le maoirseacht rialála a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí ar líne a ainmniú faoin Rialachán ón AE maidir le haghaidh a thabhairt ar **scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne** roimh an dáta forfheidhmithe i mí an Mheithimh 2022; agus tá an Coimisiún Eorpach chun pacáiste mór reachtaíochta nua a mholadh freisin chun troid i gcoinne drochúsáid ghnéasach leanaí, lena n-éileofar ar an Stát freisin comhlacht rialála a ainmniú do sholáthraithe seirbhísí ar líne;

- Soiléire maidir le freagracht dhigiteach agus comhleanúnachas beartais ar fud an chórais a chinntiú de réir mar a fhorbraítear beartas agus rialú ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta; agus

- **Aithníonn Éire an tábhacht atá le cumhachtaí forfheidhmithe éifeachtacha** do rialálaithe digiteacha atá comhsheasmhach le riachtanais sásra forfheidhmithe chóras dlí na hÉireann.

## Cur i bhFeidhm na Straitéise & Tomhas

Tacófar lenár n-uaillmhian a bhaint amach chun bheith mar cheannródaí digiteach ag croílár forbairtí digiteacha san Eoraip agus ar domhan trí cheannaireacht pholaitíochta níos láidre agus maoirseacht pholaitiúil a dhéanamh ar shaincheisteanna digiteacha ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na Straitéise agus saincheisteanna ábhartha AE agus rialála.

Is é an **Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh agus Infheistíocht Gheilleagrach**, a ndéanann an Tánaiste cathaoirleacht air, arna thacú ag foghrúpaí faoi cheannas oifigeach (arb iad sin an Gasra Oifigeach Sinsearach maidir le Saincheisteanna Digiteacha, a ndéanann Roinn an Taoisigh cathaoirleacht air, agus an Gasra um Margadh Aonair Digiteach, a ndéanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cathaoirleach air), a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta digití seo, agus ar aon saincheisteanna ábhartha AE agus rialála). Trí seo, beifear in ann gnéithe éagsúla den chlár oibre digiteach a chur chun cinn faoi **chlár oibre** comhleanúnach, faoi cheannas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

De réir mar a chuirtear sruthanna oibre chun cinn, beidh comhairliúchán agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna digiteacha ina ngné thábhachtach den chur chuige. Áireofar leis sin rannpháirtíocht ag leibhéal an AE, ag an leibhéal idirnáisiúnta agus ag an leibhéal náisiúnta; agus rannpháirtíocht fhoirmiúil rialta leis an líonra rialálaithe Éireannacha maidir le saincheisteanna digiteacha.

I gcomhthráth, oibreoidh Éire i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, lena n-airítear **Treochlár Straitéiseach náisiúnta don Deacáid Dhigiteach** a chur ar fáil lena gclúdófar an tréimhse chomh fada leis an mbliain 2030, ina leagfar amach an bealach ina gcuideoidh Éire le cuspóirí agus spriocanna digiteacha foriomlána a bhaint amach ag leibhéal an AE.

Déanfar dul chun cinn ar fud na hÉireann agus an AE i gcoitinne a thomhas in aghaidh an **Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach** (DESI), a bhfuil pleananna ar bun chun iad a neartú. Cinnteoidh sé seo go mbeidh Éire á tagarmharcháil féin in aghaidh ceannairí san Eoraip.

# Aguisín 1 – Achoimre ar Spriocanna agus Sruthanna Oibre

## Spriocanna:

**Gné:** **'Leas a Bhaint as Digitiú: Creat na hÉireann' Spriocanna:**

| | |
|---|---|
| **Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó** | • 75% d'fhiontair ag glacadh le Néal, Mórshonraí, IS faoin mbliain 2030<br>• 90% de SMEnna ag leibhéal Déine Dhigiteach Bunúsach faoin mbliain 2030<br>• Ag tacú le 800 gnó ar a laghad faoin mbliain 2026 faoin gCiste um Aistriú Digiteach €85 milliún chun tacú le gnónna digitiú<br>• 35% ar a laghad de mhaoiniú Stáit do ghnónna nuathionscanta agus luathchéime le hinfheistiú i ngnónna digiteacha nuálacha ón mbliain 2022ar aghaidh |
| **Bonneagar Digiteach** | • Clúdófar gach teaghlach agus gnó in Éirinn faoi líonra Gigighiotáin tráth nach déanaí ná an bhliain 2028<br>• Gach ceantar a bhfuil cónaí ann bheith clúdaithe le 5G faoin mbliain 2030<br>• Soláthar nascacht dhigiteach do gach Mol agus Scoil Nasctha a chur i gcrích faoin mbliain 2023<br>• dearbhú tugtha i leith gach oibritheoir seirbhísí bunriachtanacha, Roinn Rialtais agus gníomhaireacht bharrthábhachtach go bhfuil bearta láidre maolaithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm bunaithe ar chaighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta faoin mbliain 2024 |
| **Scileanna** | • An líon foghlaimeoirí a bhaineann céim amach i scileanna digiteacha ardleibhéil a mhéadú go breis agus 12,400 céimí, printíseach agus oiliúnaí faoi dheireadh na bliana 2022, leis an uaillmhian chun an soláthar scileanna digiteacha a mhéadú tuilleadh sna blianta ina dhiaidh sin<br>• An sciar daoine fásta in Éirinn a bhfuil scileanna digiteacha bunúsacha ar a laghad acu a mhéadú go 80% faoin mbliain 2030 (de réir mar a thomhaiseann DESI) |
| **Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú** | • 90% de sheirbhísí infheidhme á n-úsáid ar líne faoin mbliain 2030<br>• 80% de shaoránaigh incháilithe ag úsáid MyGovID faoin mbliain 2030<br>• 20% **d'fhostaithe san earnáil phoiblí, i gcoláistí agus i gcomhlachtaí poiblí eile ag obair sa bhaile agus ó chian (i ndiaidh na paindéime)** |

# Sruthanna Oibre:

| Gné: | Sruthanna oibre Ardleibhéil<br>(nithe insoláthartha mionsonraithe a leagtar amach laistigh de Ghnéithe) |
|---|---|
| Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó | • Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá gclaochlú digiteach, chun tairbhí Gaolmhara a uasmhéadú.<br>• Tabhairt faoi chur chuige comhleanúnach, comhtháite agus réamhghníomhach i leith an aistrithe dhigitigh, trí éiceachóras tréan agus cumasóirí láidre. |
| Bonneagar Digiteach | • Nascacht ghigighiotáin agus nascacht 5G níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear nascacht idirnáisiúnta. Áireofar leis sin cur le hinfheistíocht i mbonneagar le tionscnaimh faoi stiúir an Rialtais agus trí éascaíocht a dhéanamh ar chumasóirí eile nuair is cuí.<br>• Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le fuinneamh & an geilleagar ciorclach mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha trí chuir chuige agus prionsabail oiriúnacha<br>• Tús áite a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na Éireann, mar léiriú ar an tábhacht níos mó a bhaineann le cibearshlándáil. |
| Scileanna | • Scileanna digiteacha a chur ar fáil trí chóras scileanna atá aclaí agus freagrúil – chun cnuasach cuimsitheach agus idirnasctha freagraí beartais scileanna a chinntiú chun tabhairt faoi na dúshláin, agus an deis a fhíorú maidir le claochlú digiteach na hÉireann.<br>• Scileanna Digiteacha a chur ar fáil don tSochaí chun cur ar chumas gach cohórt daoine gníomhú le digitiú agus leas a bhaint as. |
| Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú | • Digitiú breise a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí, agus leas á bhaint as an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na paindéime (agus béim ar leith á leagan ar an gcóras sláinte).<br>• Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht agus luach atá ar shonraí arna gcoinneáil ag an tseirbhís phoiblí, Straitéis Dhigiteach don tSeirbhís Phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena chinntiú go mbaintear leas agus úsáid as sonraí dá leithéid ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. |
| Cur I bhFeidhim: Cur Chuige Comhordaithe do Bheartas & Rialú Digiteach | • Bheith dúthrachtach faoi leanúint i mbun córas rialála digiteach nua-aimseartha, comhleanúnach a bhfuil acmhainní leordhóthanach aige a chur ar fáil, lena n-áirítear trí rialálaithe éifeachtacha ardoilte a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu; agus oibriú chun comhleanúnachas struchtúir dhigiteacha agus rialála a uasmhéadú, agus tacú le creat comhoibrithe rialála níos leithne chun soiléire, comhleanúnachas agus comhoibriú níos fearr a chur chun cinn; agus labhairt go láidir san Eoraip ar son cur chuige cothrom i ndáil le rialú. |

# Aguisín 2 – Deacáid Dhigiteach na Eorpa i dtreo na bliana 2030

Is é fís na hEorpa don bhliain 2030, an Deacáid Dhigiteach atá ag teacht gan mhoil, ná sochaí dhigiteach nach bhfágtar aon duine ar lár. Is é an sprioc atá leis an Deacáid Dhigiteach claochlú digiteach rathúil na hEorpa faoin mbliain 2030 agus an tAontas bheith ceannasach go digiteach i ndomhan atá oscailte agus idirnasctha– de réir na straitéise, bainfear é seo amach trí aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus spleáchais mar aon le dlús a chur le hinfheistíocht.

Tríd an gCompás Digiteach, aistreofar uaillmhianta digiteacha an AE ina dtéarmaí nithiúla. Baineann siad le ceithre ghné le spriocanna comhfhreagracha maidir le Scileanna; Bonneagar Digiteach; Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó; agus Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú.

Chun aghaidh a thabhairt ar chumais ríthábhachtacha an AE, déanfaidh an Coimisiún éascaíocht ar thionscadail iltíre a sheoladh go mear, trí infheistíocht ó bhuiséad an AE, ó Bhallstáit agus ó thionscal a thabhairt le chéile, chun forbairt a dhéanamh ar an tSaoráid maidir le Téarnamh agus Acmhainneacht. Ina gcuid Pleananna Téarnaimh agus Acmhainneachta, geallann Ballstáit 20% ar a laghad a thiomnú don tosaíocht dhigiteach.

Tá sé beartaithe go gcuirfear sraith prionsabal agus ceart san áireamh sa Chompás lena gcuirfear le taithí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a ndéanfar forbairt air. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún cleachtadh Eurobaraiméadair a chur i gcrích atá dírithe ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an méid a bhraitheann Eorpaigh maidir le meas bheith ar a gcearta agus luachanna, agus cé chomh fada a mheasann siad go bhfuil digitiú ár sochaí ag freastal orthu. Áirítear le samplaí de phrionsabail a moladh rochtain uilíoch ar sheirbhísí idirlín; timpeallacht ar líne atá sábháilte agus iontaofa; scileanna digiteacha uilíocha; leanaí a chosaint sa spás ar líne; agus teacht a bheith ar sheirbhísí sláinte digiteacha.

## Rialachas

Leagtar amach leis an Deacáid Dhigiteach struchtúr rialachais nua le Ballstáit atá bunaithe ar chóras monatóireachta le tuairisciú bliantúil. Cumhdófar na spriocanna i gClár Beartais agus beidh na táscairí bunaidh do mhonatóireacht ag leibhéal an AE agus na treochtaí digitithe ag leibhéal náisiúnta mar chuid de phróiseas tuairiscithe feabhsaithe den Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI); beidh an Coimisiún freagrach as anailísiú agus tuairisciú foriomlán a dhéanamh ar dhul chun cinn ag leibhéal na hEorpa.

Bunaithe ar an anailís seo, foilseoidh an Coimisiún an Tuarascáil Eorpach “Staid na Deacáide Digití” go bliantúil, chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna na bliana 2030. Leis an tuarascáil, ardófar feasacht ar imeachtaí i dtreo chomhspriocanna agus prionscabail dhigiteacha AE 2030 agus bearnaí infheistíochta a aithnítear. Tionscnófar anailís chomhoibríoch idir an Coimisiún agus Ballstáit chun réitigh a thugann aghaidh ar laigí a aithint agus chun gníomhartha spriocdhírithe do leigheasanna a mholadh. Cumhachtófar an Coimisiún chun tabhairt faoi mheasúnú iar-iniúchta ar oibríocht agus moltaí a thabhairt.

# Spríocanna don Decáid Dhigiteach agus Bonnlíne Reatha na hÉireann 2021

| | Leibhéal IE reatrha (DESI 2021) | Leibhéil IE reatha (DESI 2021) | Spriocanna do Dheacáid Dhigiteach AE 2030 |
|---|---|---|---|
| **Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó** | | | |
| Néalríomhaireacht | 41% | 26% | 75% |
| Mórshonra | 23% | 14% | 75% |
| IS | 14% | 25% | 75% |
| Déine Dhigiteach SME (Bunúsach) | 66% | 60% | 90% |
| **Bonneagar Digiteach** | | | |
| Líonra Gigighiotáin | 83% | 59% | 100% |
| Clúdach 5G | 30% | 14% | 100% |
| **Scileanna** | | | |
| Scileanna Digiteacha Bunúsacha | 53% | 56% | 80% |
| **Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú** | | | |
| Seirbhísí Rialtais ar Líne | 86% | 75% | 100% |

**Source:** Countries' digitisation performance | Shaping Europe's digital future (europa.eu)


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland